





Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

CLÁR

1	Obair Ghinearálta Na hoifige	5
2	Athbhreithniú ar an mbliain	7
3	Forbairtí Dlíthiúla 2005.	12
4	Ionchúisimh Alt 49(4) (Úsáid a bhaint as Tástáil Anála i bhFianaise)	15
5	Athbhreithnithe ar Phianbheitheanna ó thaobh Trócaireachta Míchuí (Fachtóirí Maolaithe agus Tromaithe).	17
6	Saoráil Faisnéise	19
7	Staitisticí.	20
8	Sliocht as Cuntas Leithreasa 2004	43
9	An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997	44
10	Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil	45
11	Struchtúr Eagrúcháin.	46



Oifig an
Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

RÉAMHRÁ



Is í seo an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Is deis bhreá í seo dom tuairisc a thabhairt ar an obair a rinne m'Oifig i rith 2005; féachaint ar chuid de na forbairtí dlíthúla a tharla i rith na bliana a raibh tionchar acu ar ár gcuid oibre; agus athbhreithniú a dhéanamh ar na forbairtí a rinneamar chun feabhas a chur ar thabhairt i gcrích seirbhíse ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach.

Is ionchúiseamh ar chionta coiriúla croí-obair na hOifige. I rith 2005, d'fhan an líon comhad ionchúisimh réasúnta seasta i gcomparáid leis na trí bliana roimhe sin. Leanann na cásanna, áfach, de bheith ag éirí níos casta. Tá Caibidil 7 den tuarascáil seo tiomnaithe go huile agus go hiomlán d'fhaisnéis staitistiúil a

sholáthar i ndáil leis an méid comhad ionchúisimh ar déileáladh leo agus an tslí a ndearnadh na comhaid sin a dhiúscairt. Tá na staitisticí bunaithe ar ár gcórais rangaithe agus aicmithe féin agus dá bhrí sin níl siad inchomparáideach go díreach le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile ar nós na Seirbhíse Cúirteanna nó an Garda Síochána.

Ó bunaíodh an Oifig, tá a gcuid ama go léir caite ag an bhfoireann ghairmiúil ar obair chomhaid ionchúisimh nó ar chásanna a chur i láthair na cúirte. Agus an córas ceartais choiriúil ag fáil níos casta iarrtar ar m'fhoireann ghairmiúil go rialta anois díriú ar nithe a bhaineann le polasaí dlíthiúil. Go dtí seo, rinneadh é sin ó na hacmhainní atá ann cheana. Mar sin féin, táim den tuairim go bhfuil sé in am anois aonad tiomnaithe do pholasaí dlíthiúla a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ar shlí níos struchtúrtha agus níos fócasaithe. Seo réimse a bhfuil sé i gceist agam tosaíocht a thabhairt di inár Ráiteas Straitéise 2007-2010.


Tharla forbairt an-suntasach sa réimse reachtaíochta nua i 2005 le tabhairt isteach Acht an Gharda Síochána 2005. Bronnann Alt 8 den Acht an chumhacht ar chomhaltaí den Gharda Síochána ionchúisimh choiriúla a thionscnamh i gcúirteanna dlínse achoimre agus a sheoladh in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Bronnann an tAcht freisin an chumhacht reachtúil orm treoracha ginearálta agus sainiúla a thabhairt i ndáil le hionchúisimh den sórt sin. Ag tráth scríofa na

tuarascála seo, tá alt 8 le hachtú i lár 2006. Déanfar na héifeachtaí a bhaineann lena fheidhmiú, a bheidh suntasach do m'Oifig, a thuairisciú tuilleadh i dTuarascáil Bhliantúil 2006.

Tugann Caibidil 2 den tuarascáil an dul chun cinn a rinneadh i roinnt réimsí i rith 2005 chun suntais agus ar dul chun cinn é a chur leis an tseirbhís a chuirimid ar fáil. Cuirfear tuilleadh leis an tseirbhís nuair a aistrefar freagracht as seirbhís an Aturnae Stáit ón Ard-Aighne chugamsa, faoi mar a moladh i dTuarascáil an Ghrúpa Staidéir ar an gCóras Ionchúisimh Poiblí. Cé go bhfuil díomá orm nach bhfuil an t-aistriú tarlaithe go fóill, táthar i mbun caibidlíochta faoi láthair. Táthar ag súil go dtiocfaidh siad sin chun críche i rith 2006, agus táim ag tnúth leis an tionchar dearfach a bheidh aige sin ar an tseirbhís ionchúisimh go ginearálta.

Tá aird tarraingthe agam i dtuarascálacha roimhe seo ar na deacrachtaí a eascraíonn as m'Oifig a bheith roinnte i dhá shuíomh. Is mór agam a fhógairt go bhfuil cinneadh glactha m'Oifig a shuíomh in aon fhoirgneamh amháin in aice le coimpléasc nua na cúirte coiriúla atá á fhorbairt faoi láthair. Faraor, áfach, tá an t-aistriú seo go dtí ceanncheathrú aonair fós roinnt blianta uainn. Tá imní orm idir an dá linn, ós rud é go bhfuil m'Oifig fós roinnte idir an dá shuíomh, agus chomh maith leis an gcineál míshásúil cóiríochta tríd is tríd, go mbeidh tionchar dochrach aige sin ar an tseirbhís a chuirfear ar fáil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le m'fhoireann, chomh maith leis na daoine agus na gníomhaireachtaí lena n-oibríonn an Oifig as a dtiomantas agus a ndíograis i rith 2005.



James Hamilton
Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Bealtaine 2006

RÁITEAS MHSIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann.

1 OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

1.1 Is í príomhfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh poiblí agus nithe gaolmhara coiriúla a threorú agus a mhaoirsiú.

1.2 Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna lena n-déileálann an Oifig. Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

1.3 Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Gníomhaíonn An Rannán Aturnaetha, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, mar aturnae don Stiúrthóir agus don Gharda Síochána le linn cásanna a ullmhú agus a chur i láthair i gCúirt Dúiche nó Cúirt Chuarda Bhaile

Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Cúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, agus san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach. Lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath, déileálann 32 aturnaetha stáit áitiúla le cásanna ina limistéir réigiúnacha féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

1.4 Áirítear ar obair na hOifige:

- na comhaid imscrúdaithe coiriúla a chuirtear faoi bhráid na hOifige a bhreithniú
- cinneadh a dhéanamh cibé acu ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a thionscnamh nó cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh le hionchúiseamh a bheidh tionscnaithe cheana féin ag an nGarda Síochána agus comhairle a thabhairt maidir le haon imscrúduithe eile a mbeidh gá leo chun ionchúiseamh a thosú nó leanúint ar aghaidh leis
- cinneadh a dhéanamh maidir leis na cúisimh a thabharfar agus aon chúisimh a mbeifear tar éis iad a thabhairt a bhreithniú
- cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcruthúnas agus na hábhair eile a bheidh le tabhairt i láthair don chúirt agus don chúisí, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le hábhar nár úsáideadh a nochtadh don chosaint

- ionchúisimh choiriúla a chur i láthair i gcúirteanna dúiche Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath agus achomhairc a eascraíonn astu a chur i láthair sa Chúirt Chuarda
- na hionchúisimh choiriúla indíotáilte go léir a bheidh liostaithe i mBaile Átha Cliath a ullmhú agus a chur i láthair – lena n-áirítear triail sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil
- Abhcóide a ainmniú agus a theagasc sna cúirteanna trialach éagsúla chomh maith leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach agus an Chúirt Achomhairc Choiriúil
- teagasc a thabhairt maidir le hionchúiseamh i dtrialacha coiriúla a stiúradh lena n-áirítear cinntí a eisiúint faoi na ceisteanna dlí agus na beartais phoiblí éagsúla a éiríonn le linn imeachtaí coiriúla
- dul i gcomhairle de réir mar is gá le habhcóidí, le haturnaetha stáit áitiúla, le comhaltaí den Garda Síochána agus le finnéithe gairmiúla
- cinntí a dhéanamh maidir le táillí Abhcóidí a bheidh ag gníomhú thar ceann an Stiúrthóra agus na táillí sin a urscaoileadh
- cinntí a dhéanamh maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir achomhairc, lena n-áirítear achomhairc ar mhodh cáis shonraithe, a thabhairt nó ar chóir dul i ngleic leo agus imeachtaí ar athbhreithniú breithiúnach a thabhairt agus a chosaint
- iarratais ar bhannaí agus *habeas corpus* a éiríonn as imeachtaí coiriúla a chosaint
- pianbhreitheanna a mheastar a bheith ró-thrócaireach a tharchur chuig an gCúirt Achomhairc Choiriúil
- gearáin agus líomhaintí ó dhaoine den phobal maidir le déanamh cionta coiriúla a bhreithniú agus, de réir mar is cuí, a tharchur chuig Coimisinéir an Gharda Síochána
- comhaid a bheidh curtha faoina bhráid ag an mBord um Ghearáin i gCoinne an Gharda Síochána a bhreithniú
- doiciméid a mbeidh gá leo chun iarratais ar eiseachadh isteach sa Stát a phróiseáil, a dhréachtú nó a shocrú
- iarratais ar chúnamh frithpháirteach idirnáisiúnta maidir le nithe coiriúla a dhréachtú agus a dhéanamh
- bheith rannpháirteach i gcoistí agus grúpaí oibre a bhaineann le dlí agus imeachtaí coiriúla agus cur leo; cláir speisialta oiliúna maidir le gnéithe d'ionchúiseamh coireachta don Garda Síochána a éascú; agus comhdhálacha a eagrú i dtaobh nithe a bhaineann le ceartas coiriúil chun tairbhe ár ngeallsealbhóirí
- comhoibriú agus a bheith rannpháirteach i gcomhthionscnaimh le gníomhaireachtaí eile atá freagrach as gnéithe den cheartas coiriúil, lena n-áirítear an Garda Síochána; na Coimisinéirí Ioncaim; an tÚdarás Iomaíochta; an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach; an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta; gníomhaireachtaí ionchúiseamh eile; an tSeirbhís Chúirteanna, an Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí; an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí; an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta; an Paiteolaí Stáit; An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre; Oifig an Ard-Aighne; chomh maith le heagraíochtaí eile a chuireann ionadaíocht ar fáil do leasanna íospartach.

2 ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN

2.1 Bíonn tábhacht mhór ag baint leis na cinntí a dhéanann an Oifig agus is féidir leo iarmhairtí uileghabhálacha a bheith acu do dhuine. Is gá mar sin go ndéanfaí ár gcuid oibre chuig na caighdeáin gairmiúla is airde agus go mbeidh na hacmhainní, na struchtúir, na próisis agus na córais chúil i bhfeidhm. Ní mór dúinn a chinntiú go bhforbrófar na tacaíochtaí sin freisin ag teacht le prionsabail an tsárchleachtais a bhíonn in úsáid ar fud na seirbhíse poiblí.

2.2 Aithníodh na príomhchuspóirí a chaithfidh an Oifig a bhaint amach chun seirbhís ionchúisimh ardleibhéil a sheachadadh inár Ráiteas Straitéise 2004-2006. Leagan an chaibidil seo amach an dul chun cinn a rinneadh i rith 2005.

Rialachas

2.3 Is eol don Oifig an chumhacht atá dílsithe uirthi thar ceann Mhuintir na hÉireann agus aithnítear go gcuireann sin freagracht uirthi a chinntiú go mbeidh nósanna imeachta rialaithe agus rialachais cuil i bhfeidhm. Aithníonn an Oifig freisin go bhfuil dualgas uirthi an méid faisnéise agus is féidir a sholáthar don phobal maidir le conas a ndéantar a feidhmeanna a urscaoileadh. Ina thaobh sin, foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Straitéise agus Treoirínte d'Ionchúisitheoirí agus cuireadh ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige iad.

2.4 Mar sin féin, aithníonn an Oifig go meáfaidh na daoine sin, a dhéanfaidh measúnaithe maidir lena feidhmiú, an fhaisnéis a fhaigheann siad, cibé go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach, i gcoinne cé chomh hiontaofa agus a chreideann siad sin a bheith. Mar gheall ar sin leagann an Oifig tábhacht mhór ar a Coiste Iniúchta féin a bheith ag déanamh monatóireachta neamhspleáil ar a cleachtais rialaithe agus rialachais. Tá comhaltá

seachtracha ó lasmuigh den tseirbhís poiblí ar an gCoiste Iniúchta, agus bíonn duine acu sin ag fónamh mar Chathaoirleach.

2.5 Leagann Cairt an Choiste Iniúchta amach gurb é ról an choiste athbhreithniú córasach a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais na hOifige mar aon le tuarascálacha agus comhairle a sholáthar don bhainistíocht shinsearach.

2.6 Tugadh Tuarascálacha Iniúchta ar Fháil Ghinearálta; ar Fháil Sheirbhísí Abhcóide agus ar Rialuithe Ríomhaire chun críche i rith na bliana faoi threoir an Choiste Iniúchta. Bhreithnigh an Coiste tuarascálacha dhul chun cinn freisin ar fheidhmiú moltaí ó iniúchtaí roimhe sin.

2.7 Lean an Oifig ag cur leis an obair a tosaíodh i 2004 i rith 2005 maidir leis na príomhrioscaí atá roimpi a aithint agus straitéisí chun déileáil leo sin a fhorbairt. D'athbhreithnigh an Coiste Iniúchta dul chun cinn ar an bPróiseas Bainistiú Riosca Gnó ag a gcruinnithe i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh agus léiríodh go raibh siad sásta leis an bpróiseas.

An Timpeallacht Dhlíthiúil

2.8 Oibríonn an Oifig i dtimpeallacht dhlíthiúil a bhíonn ag athrú de shíor. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go gcoimeádfaimid cothrom le dáta le forbairtí dlíthiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a chinntiú go mbeidh an fhaisnéis riachtanach ag an bhfoireann chun freastal ar na héilimh leanúnacha a thiocfaidh le gnéithe nua den dlí coiriúil, atá ag éirí níos casta de shíor. Tá sé tábhachtach freisin dúinn oibriú agus dul i gcomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí eile a bhíonn rannpháirteach sa chóras ceartais choiriúil.

- 2.9** Chinntigh forbairt leanúnach i rith 2005 ar ár Seirbhís Bainistíochta Leabharlann go raibh faisnéis dhlíthiúil thráthúil, iomchuí agus chothrom le dáta ar fáil tríd an gCartlann Dhigiteach Meán agus na córais iLink araon. Cruthaíodh gur acmhainn luachmhar dár bhfoireann dhlíthiúil é rochtain deisce a bheith acu ar bhreithiúnais cúirte, ar chiorcláin de chuid an Gharda Síochána, ar pháipéir taighde dlí agus ar thuairimí abhcóidí i bhformáid leicteonach agus is acmhainn í a bhfuil rochtain éasca ag ár bhfoireann dhlíthiúil uirthi.
- 2.10** Tá freastal ar chomhdhála nÁisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le topaicí dlíthiúla mar phríomhfhócas dár bPlean Oiliúna agus Forbartha. D'fhreastail 36% den fhoireann dhlíthiúil ar chomhdhála den sórt sin i 2005, agus leanann siad sin a bheith mar fhoinsé d'fhaisnéis fhíorthábhachtach sa timpeallacht dhlíthiúil ina bhfeidhmímid a bhíonn ag athrú de shíor. Freastalaíodh ar riachtanais oiliúna a aithníodh tríd an gCóras Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta freisin trí rannpháirtíocht i gclár oideachais dlíthiúla leanúnach agus seisiún oiliúna inti maidir le réimsí speisialta den dlí coiriúil. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Oiliúna Dlíthiúil i 2005 chun forbairt agus feidhmiú ar chlár oiliúna dlíthiúil don fhoireann dlíthiúil reatha agus d'fhoireann dlíthiúil nua araon a mhaoirsiú.
- 2.11** Ba thosaíocht a bhí ann dúinn i rith na bliana freisin ár rannpháirtíocht maidir le oiliúint a sholáthar do chomhaltaí den Gharda Síochána. Bhí comhaltaí d'fhoireann na hOifige rannpháirteach in seisiún oiliúna do chomhaltaí den Gharda Síochána ag leibhéal Sáirsint, Cigire agus Ceannfoirt. Lean ár gclár de Sheimineáir Oiliúna Réigiúnacha i 2005 agus soláthraíodh fóram den scoth d'idirchaidreamh idir an Oifig agus comhaltaí sinsearach den Gharda Síochána a bhíonn ag ionchúiseamh cásanna achoimre thar cheann na hOifige i gCúirteanna Dúiche ar fud na tíre.
- 2.12** Reáchtálar Seimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit in Eanáir 2005. Tugann an t-imeacht bliantúil sin deis don Oifig bualadh le comhaltaí de chuid Sheirbhís Aturnaetha an Stáit agus saincheisteanna dlíthiúla a bhfuil leas frithpháirteach acu iontu a phlé. Áirítear lonchúisimh ar scór na Tástála Anála faoi alt 49 den Acht um Thrácht ar Bhóithre ar cheann de na topaicí a pléadh i mbliana.
- 2.13** D'eagraíomar 6ú Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta na nIonchúisitheoirí i mBealtaine 2005 ar ar fhreastal thart ar 200 toscaire. Bhí ionchúisitheoirí i láthair ón Oifig, mar aon le comhaltaí den Bharra, an tSeirbhís Aturnaetha Stáit, comhaltaí den Gharda Síochána, comhaltaí den bhreithiúnacht agus ó ghníomhaireachtaí imscrúdaithe speisialta. Tugadh roinnt cur i láthair ar Bhunachar Sonraí DNA na hAlbain; Tionchar an Achta um Chearta an Duine, 2003 ar Dhlí Coiriúil; Cásanna Stairiúla Mí-Úsáid Gnéis: Taithí Cosanta; agus Forbairtí Le Déanaí maidir le Dlí Pianbhreitheanna. Is léir go bhfuil ag éirí go maith leis an gcomhdháil bhliantúil mar thionscnamh agus cuireann an chomhdháil ar chumas na hOifige ról ceannasach a ghlacadh chun saincheisteanna is údar imní laistigh den chóras ceartais choiriúil a ardú agus réitigh orthu a lorg trí phlé agus trí chomhchomhairle.
- 2.14** Ar leibhéal idirnáisiúnta, reáchtálar Comhdháil de Cheannasaithe Gníomhaireachtaí lonchúisimh i gcomhar leis an tSeirbhís lonchúisimh Poiblí i dTuaisceart Éireann. Is comhdháil dhébhliantúil í an chomhdháil do Cheannasaithe Gníomhaireachtaí lonchúisimh ó thíortha éagsúla le dlí coiteann ina bpléitear nithe le leas frithpháirteach ar shlí neamhbhalbh agus oscailte. D'oscail an chomhdháil i mBéal Feirste agus lean sí ar aghaidh i mBaile Átha Cliath. Sin é an chéad uair a raibh an dá sheirbhís ionchúisimh rannpháirteach i dtionscadal den sórt sin agus dá réir cuireadh leis an gcaidreamh oibre maith atá bunaithe in imeacht na mblianta. D'éirigh thar cionn leis an gcomhdháil ó thaobh roinnt dearcaí i ndáil le saincheisteanna dlí coiriúil ar leibhéal idirnáisiúnta agus ó thaobh comhoibriú idir an Oifig agus ár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann araon.
- 2.15** Cé go n-oibrímid neamhspleách ar a chéile, tá sé rithábhachtach go mbeadh na gníomhaireachtaí éagsúla atá rannpháirteach sa chóras ceartais choiriúil i mbun comhchomhairle agus ag plé saincheisteanna trasfheidhmeacha. Chuidigh rannpháirtíocht na hOifige i ngrúpaí oibre agus coistí idirghníomhaireachta le seirbhís ionchúisimh éifeachtach a sheachadadh. I rith

2005 bhíomar rannpháirteach agus chuireamar le grúpaí idirghníomhaireachta éagsúla lena n-áirítear an Grúpa Idir-Oibreachais Ceartais Choiriúil; Grúpa Ríomhaireachta na Cúirte Uachtaraigh; Coiste Éifeachtachta na Cúirte Dúiche; Grúpa Úsáideoirí na Cúirte Coiriúla; Fóram Custaiméirí na Seirbhíse Cúirteanna; Grúpa Idirchaidrimh an Gharda Síochána; agus an Coiste Idirchaidrimh Ceartais Choiriúil. Ar an leibhéal idirnáisiúnta lean an Oifig ar aghaidh ag cur le comhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus a bheith rannpháirteach iontu, lena n-áirítear EUROJUST (a bunaíodh chun comhoibriú a fheabhsú i ndáil le cúnaimh frithpháirteach maidir le nithe coiriúla); GRECO (a bunaíodh chun a chinntiú go ndéantar Coinbhinsiúin na hEorpa i gCoinne Calaoise a chomhlíonadh); OLAF (Office Européen de Lutte Anti-Fraude – a bunaíodh chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne calaoise agus éilliú); Eurojustice (Bhunaigh ballstáit an Chomhphobail Eorpaigh i 1998 chun comhoibriú idir gníomhaireachtaí ionchúisimh ar fud na hEorpa a chothú agus a fheabhsú agus chun tuiscint frithpháirteach ar na córais éagsúla dlí atá ar marthain sna ballstáit a fheabhsú); Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí; HOPAC (Comhdháil de Cheannasaithe Ghníomhaireachtaí Ionchúisimh); agus An Cumann Barra Idirnáisiúnta.

Acmhainní a Úsáid go héifeachtúil

2.16 Is príomhfhócas de chuid na hOifige é acmhainní a úsáid go héifeachtúil. I rith na bliana lean an Oifig de bheith ag forbairt córais chun an fhaisnéis is gá a sholáthar do bhainisteoirí chun obair na hOifige a bhainistiú agus a chinntiú go ndéantar ár n-acmhainní a leithroinnt agus a úsáid chomh héifeachtúil agus is féidir.

2.17 Ba í an fhorbairt ba shuntasá i rith 2005 ná conradh nua a bronnadh i gcomhair córas nua Bainistiú Doiciméid Cásanna agus Rianaithe Comhaid. Síníodh conarthaí le Axxia Systems Limited tar éis próiseas tairisceana i Nollaig 2005, cuideachta atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus a bhfuil taithí cruthaithe acu maidir le soláthar córais cás-bhainistithe don ghairm dlí.

2.18 Beidh an córas Bainistiú Doiciméid Cásanna agus Rianaithe Comhaid mar phointe singil rochtana do gach aon ceann dár gcásanna dlíthiúla agus soláthróidh sé córas lánpháirithe maidir le bainistiú ar chomhaid ionchúisimh ar fud na heagraíochta. Cruthófar gach comhfhreagrás a bhaineann le cásanna amach ar an gcóras agus stórálfar ansin é i gcomhair tagartha amach anseo. Beidh saoráid um dheachtú digiteach ag an gcóras freisin.

2.19 Tá sé beartaithe an chéad chéim d'fhorbairt an chórais um Bainistiú Doiciméid Cásanna agus Rianaithe Comhaid a thosú in Eanáir 2006. Leis sin beidh anailís chuimsitheach ar ár riachtanais gnó agus áireofar leis cruinnithe le foirne i ngach rannóg. Samhlaítear go dtabharfar an chéim anailise chun críche faoi Shamhain 2006 as a leanfar dearadh ar an gcóras, tástáil ar an gcóras agus tástáil ar ghlacadh úsáideoirí. Déanfar an córas a thabhairt isteach de réir a cheile in imeacht tréimhse sé mhí, agus tá sé beartaithe go rachaidh an chéad chéim beo in Iúil 2007.

2.20 Lean an córas Cuntasaíochta a suiteáladh sa bhliain 2004 ag soláthar seirbhís fheabhsaithe le héifeachtúlachtaí níos fearr. Rinneadh uasghrádú suntasach ar an gcóras ó Integra 2 go dtí Integra 3 i Samhain 2005. Is ionann sin agus athbhreithniú ollmhór ar bhogearraí agus ba chóir go bhfeabhsódh sé stóinseacht agus feidhmitheacht an chórais.

2.21 Deonadh Ceadúnas Earcaíochta ginearálta ar an Oifig faoi alt 44 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, in Iúil 2005. Chuir an ceadúnas ar chumas na hOifige díriú ar ghrúpaí áirithe d'fhostaithe ionchasacha agus d'éascaigh sé feachtais earcaíochta a rith de réir mar a bhí gá leo freisin. Chuir sin go mór lenár gcumas poist a líonadh go tráthúil. Reáchtáil an Oifig trí chomórtas oscailte ó deonaíodh an ceadúnas chun ceapacháin nua a earcú i bpoist shealadacha ag na leibhéil seo a leanas: Aturnae Ionchúisimh, Taighdeoir Dlíthiúil agus Feidhmeannach Dlíthiúil.

Seirbhís ar Ardchaighdeán

- 2.22** Is croíluch leanúnach de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí é seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil. D'fhorbraíomar Cairt maidir le hArdchaighdeán Seirbhíse agus Plean Gníomhaíochta i 2004, i gcomhairle lenár ngeallsealbhóirí, a leagann amach na caighdeáin seirbhísí lena bhítear ag súil ón Oifig. Tá caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil, den chuid is mó, le sonrú sna staitisticí comhaid ionchúisimh atá leagtha amach i gCaibidil 7 na tuarascála seo agus is ionann iad agus croí-obair na hOifige.
- 2.23** Príomhfhócas don Oifig i rith na bliana ná idirchaidreamh a chomhordú le híospartaigh coireachta, teaghlaigh íospartaigh coireachta agus grúpaí tacaíochta íospartaigh. Táimid tiomanta go hiomlán oibriú leis an nGarda Síochána lena chinntiú go gcoimeádtar íospartaigh agus teaghlaigh íospartaigh a bhásaigh ar an eolas maidir le dul chun cinn na gcásanna ina mbíonn siad rannpháirteach. Leanaimid d'idirchaidreamh a bheith againn leis an nGarda Síochána lena chinntiú go gcuirfear cruinniú réamh-trialach ar fáil d'íospartaigh ina mbeidh an deis ag an bhfoireann ionchúisimh próiseas na cúirte a mhíniú.
- 2.24** Chuir an Oifig béim ar an ngá atá le tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh, go háirithe sa chúirt. Is féidir go leor struis a bheith ag baint le timpeallacht na gcúirteanna d'íospartaigh agus a dteaghlach. Chun é sin a bhaint amach chuireamar roinnt aighneachtaí isteach chuig an gCoimisiún a Thacaíonn le hÍospartaigh ó bunaíodh é i Márta 2005 agus rinneamar aighneachtaí i bhfóiraim éagsúla maidir le saoráidí agus socrúithe d'íospartaigh sa chúirt. Rinneamar aighneachtaí freisin i ndáil le híospartaigh a bheith ag tabhairt fianaise.
- 2.25** Bhuail comhaltaí d'fhoireann na hOifige le roinnt grúpaí tacaíochta d'íospartaigh lena n-áirítear ADVIC, Support after Homicide agus Crime Victims Helpline. Chruthaigh na cruinnithe sin fíorthairbhiúil agus mhínigh siad an tslí a n-oibríonn an córas ionchúisimh mar aon leis na caighdeáin seirbhíse a fhéadfaidh íospartaigh coireachta a bheith ag súil leo ón Oifig.
- 2.26** Ionas gur féidir tuiscint níos fearr a chothú maidir le hobair na hOifige leanamar ag soláthar faisnéise trí fhoilseacháin na hOifige a dháileadh ar nós Tuarascálacha Bliantúla, Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí agus Leabhráin Eolais. Thug ár láithreán gréasáin deis dúinn faisnéis a scaipeadh freisin ar go leor daoine ar bhealach inrochtaine agus tráthúil. Cuireadh béim ar leith, agus an láithreán gréasáin á fhorbairt i rith na bliana, ar an láithreán a bheith ag cloí go hiomlán le treoirlínte inrochtana.
- 2.27** Bhí breis agus 50,000 cuairteoir ar an láithreán gréasáin i rith 2005 agus is ionann sin agus ardú 50% ar an mbliain roimhe sin. Ar mhaithe le héagsúlacht, cuireadh cóipeanna de na Leabhráin Eolais 'Ról Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí' agus 'Freastal ar an gCúirt mar Fhinné' ar fáil i Sínis agus i Rúisis ar ár láithreán gréasáin.
- 2.28** Ag comhlíonadh ár n-oibleagáidí faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, d'fhoilsigh an Oifig Scéim Ghaeilge a cheadaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta in Iúil 2005 agus tá sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige anois. Sonraíonn an Scéim na seirbhísí a chuirfidh an Oifig ar fáil trí Ghaeilge. Leanamar ag cothabháil ár láithreáin ghréasáin go dátheangach i rith 2005 agus cuirtear gach foilseachán a eisíonn an Oifig ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon. Cuirtear an Ghaeilge chun cinn go himheánach trí rannóg Ghaeilge thiomanta ar ár inlíon agus trí rannpháirtíocht na foirne i scéimeanna agus i gcúrsaí Gaeilge. Freagraíodh comhfhreagras a fuarthas i nGaeilge trí Ghaeilge agus réachtáladh trí chás athbhreithnithe breithiúnach trí Ghaeilge i rith na bliana.

Geallsealbhóir Inmheánach

- 2.29** Aithníonn an Oifig gur geallsealbhóirí inmheánacha an fhoireann go léir agus is gealltanas de chuid na hoifige é timpeallacht oibre atá tacúil a chur ar fáil dóibh. Rinneadh roinnt tionscnamh i rith 2005 chun críche an tiomantais sin.
- 2.30** Tá an Córas Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta mar chuid lárnach anois dár gcreat oibre bainistíochta. Rinneamar tuilleadh forbartha ar an gcóras i rith 2005 ag ullmhú do

thabhairt isteach Aiseolas Aníos. Chomhlánaigh an fhoireann go léir Clár Oiliúna Aiseolais Aníos agus cuirfead tús le feidhmiú na scéime in Eanáir 2006.

2.31 Rinneadh athbhreithniú ar ár gClár

Oiliúna Insealbhaithe i rith na bliana agus athbhreithníodh nósanna imeachta dá bharr agus tá cur chuige nua i bhfeidhm anois. Bhain 18 den fhoireann in iomlán leas as na Modúil Insealbhaithe I agus II i rith 2005.

2.32 Infheistíodh 3.52% ar an iomlán de chostais

phárolla in oiliúint agus forbairt foirne i 2005 - €335,235.22 ar an iomlán. Áirítear €102,331.59 den chaiteachas sin ar sheimineáir, ar chomhdhálacha agus ar chúrsaí oiliúna; €35,708 ar aisíoc taillí oideachais; agus €19,975 ar oiliúnoirí seachtracha.

2.33 Cuireadh Seisiún Bhainistiú Struis ar fáil don

foireann i rith na bliana faoinár gClár Oiliúna Cúraim Foirne. Mar thoradh ar shuirbhé a rinne ár gCoiste Comhpháirtíochta i 2004 aithníodh bainistiú struis mar réimse ar theastaigh aird uaidh, agus a bhí dírithe go háirithe ar strus ionchasach a bhaineann leis an gcineál oibre a bhíonn ar siúl san Oifig.

2.34 D'éascaigh an próiseas Comhpháirtíochta le

roinnt tionscnamh i rith na bliana a chuaigh chun tairbhe na hOifige ina hiomláine. Rinne fo-ghrúpa den choiste suirbhé ar chumarsáid inmheánach agus chuir siad tuarascáil ar aghaidh i Márta 2005 ag léiriú moltaí le feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach. Glacadh leis an tuarascáil agus tá roinnt moltaí curtha i bhfeidhm anois agus tabharfar isteach cinn eile ar bhonn incriminteach. Comhordaíodh an Gradam Luaíochta agus na Scéimeanna le haghaidh Gradam Fadseirbhíse arís tríd an gcoiste comhpháirtíochta. Fuair 75 duine den fhoireann gradaim aonair nó grúpa agus bronnadh iad sin i Nollaig 2005. D'fheidhmigh fo-ghrúpa Sláinte agus Sábháilteachta an Choiste Comhpháirtíochta tionscnamh Oifig Ghlan. Bhí an tionscnamh a spreag an fhoireann le páipéar nó trealamh nach raibh ag teastáil a dhiúscairt ar siúl idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2005. D'éirigh thar cionn leis chun timpeallacht níos folláine agus níos glaine a bhaint amach don fhoireann.

3 FORBAIRTÍ DLÍTHIÚLA 2005

3.1 Is é cuspóir na caibidle seo ná athbhreithniú achomair a dhéanamh ar na cinntí is tábhachtaí nó is spéisíúla i réimse an dlí choiriúil i 2005.

3.2 Mar a rinneadh blianta roimhe seo, tugann na cásanna a roghnaíodh blas den chineál saincheisteanna dlí a ardaítear i réimse an dlí choiriúil. Níl sé i gceist go dtabharfadh an chaibidil seo athbhreithniú cuimsitheach ar na forbairtí go léir sa dlí coiriúil i rith na bliana. D'fhéadfadh léitheoirí ar spéis leo athbhreithniú den sórt sin féachaint ar *Binchy and Byrne's Annual Review of Irish Law 2005*.

Díobháil Thromchúiseach

3.3 Bhreithnigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil an bhrí atá le 'díobháil thromchúiseach' sa chás *Director of Public Prosecutions v. Keith Kirwan* (No. 2), (neamhthuiriscithe, 28 Deireadh Fómhair 2005). Sainmhíníonn alt 1 den Acht um Chionta Neamh-mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997 díobháil thromchúiseach mar "*gortú is bun le príacal substaintiúil báis nó is cúis le máchailiú tromchúiseach nó le cailleadh nó lagú substaintiúil luaineacht an choirp ina iomláine nó fheidhm aon bhaill nó orgáin áirithe den chorp.*" Ba í an tsaincheist sa chás ná cibé ar éiligh an sainmhíniú reachtúil go mbeadh méid áirithe buaine i gceist. Thug an Chúirt ar aird nach raibh na focail 'buan' nó 'fadfhulaingeach' sa reachtaíocht agus tháinig ar an tátal go raibh an tOireachtas go comhfhiosach ag baint ceanglais bhuaine nó fiú iarmhairtí fadtéarmacha as an sainmhíniú ar dhíobháil thromchúiseach.

3.4 I gcás an mháchailithe líomhnaithe áfach, tháinig an chúirt ar an tátal go gcuireann 'máchailiú' toradh in iúl seachas éifeacht láithreach. Caithfidh cúirt nó giúiré toradh aon chóir liachta iarbhír a thugtar nó a fhaightear a chur san

áireamh, agus ní díreach dreach na díobhála láithreach tar éis an ionsaí, nuair a bhítear ag meas an ndearnadh máchailiú tromchúiseach.

Pianbhreith a Ghearradh – cibé an factóir tromaithe ann féin bás mar thoradh ar thiomáint neamhaireach

3.5 In *Director of Public Prosecutions v. Peter O'Dwyer* (neamhthuiriscithe, 28 Iúil 2005) bhreithnigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil nuair a fhaigheann duine bás mar thoradh ar thiomáint neamhaireach, cibé an factóir tromaithe an bás sin a bheadh le breithniú tráth a mbeadh an phianbhreith le gearradh. Fuarthas an t-iarratasóir neamhchiontach de thiomáint chontúirteach is cúis le bás ach chiontaigh giúiré sa Chúirt Chuarda é i dtiomáint neamhaireach agus gearradh mí amháin príosúnachta air, curtha ar fionraí ar feadh 18 mí ar bhanna. Formhuiníodh a cheadúnas freisin. Ar mhótarfheithicil an iarratasóra a scrúdú, tar éis timpiste inar maraíodh duine de ghluaisrothar, thug na Gardaí faoi deara go raibh na boinn maol agus faoin teorainn dhlíthiúil. Lorg an t-iarratasóir cead an mhír coimeáda den phianbhreith a achomharc ar an bhforas go ndearna an breitheamh trialach earráid nuair a bhí an phianbhreith á gearradh tríd an bás a chur san áireamh in imthosca gur ar thiomáint mhíchúramach amháin a bhí an t-iarratasóir ciontaithe. Chinn an Chúirt ó tharla gur bhásaigh an duine gur factóir é a d'fhéadfaí a chur san áireamh an tráth a mbeadh an phianbhreith á gearradh ach go mbraithfeadh sé sin ar chinneadh na cúirte maidir leis an bpríomhcheist faoin méid míchúram agus ciontach na tiomána. In imthosca an cháis seo, bheadh sé míchionmhar féachaint ar an mbás mar fhachtóir tromaithe ann féin.

Moill – Cionta Trácht ar Bhóithre

- 3.6** Breithníodh an tsaincheist de mhoill i gcomhthéacs trácht ar bhóithre i roinnt cásanna. In *Cillian Fennell*, Ard-Chúirt, (neamhthuaisricithe, 26 Aibreán, 2005), cinneadh nach raibh moill de dhá bhliain agus cúig mhí iomarcach, cé nach raibh sé inmhianta, nuair a bhí cúiseanna réasúnacha ann don mhoill. Tharla an mhoill mar gheall gur cuireadh an cás ar atráth roinnt uaireanta de bharr liostaí fada cúirte agus gan fáil a bheith ar fhinné de chuid an Gharda Síochána na dáta a bhí socraithe don triail.
- 3.7** Ar an gcaoi chéanna, in *Director of Public Prosecutions v. Colin O'Sullivan*, An Ard-Chúirt (neamhthuaisricithe, 11 Deireadh Fómhair 2005), cé go bhfuarthas go raibh an mhoill de dhá bhliain agus trí mhí ó dháta an chionta go dtí dáta na héisteachta iomarcach, níor cuireadh isteach ar cheart bunreachtúil an chúisí ar thriail tapaidh.

Rochtain ar Atur nae fad a bhítear i gCoimeád

- 3.8** Rinneadh iniúchadh ar pharaiméadair chearta dhuine coinnithe rochtain a bheith aige nó aici ar chomhairle dlí fad a bheadh an duine sin coinnithe i gcoimeád an Gharda Síochána in *O'Brien v. Director of Public Prosecutions*, an Chúirt Uachtarach (neamhthuaisricithe 5 Bealtaine, 2005). I rith choinneáil an achomharcóra, mol na Gardaí atur nae nach raibh in ann freastal ar stáisiún na nGardaí ar feadh tréimhse de bheagnach cúig uair an chloig. Rinne an t-achomharcóir ráitis sular tháinig an t-atur nae agus sula ndeachthas i gcomhairle leis an atur nae, a rialaigh an breitheamh trialach nach bhféadfaí glacadh leo, óir go raibh sárú déanta ar cheart bunreachtúil an achomharcóra comhairle a fháil ó atur nae. Dheimhnigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil go mba cheist dlí a raibh tábhacht phoiblí eisceachtúil léi cibé an raibh an tréimhse coinneála go léir mídhleathach de bhua an tsáraithe d'aonghnó agus chomhfhiosaigh ar a cheart rochtain a fháil ar atur nae, agus cibé an raibh na ráitis go léir a rinne an t-achomharcóir le linn na coinneála sin neamh-inghlactha i bhfianaise nó cibé arbh iad na ráitis a rinneadh sular tugadh rochtain ar atur nae don achomharcóir amháin ba cheart a eisiáimh. Dhíbh an Chúirt Uachtarach an t-achomharc, á chinneadh gurb í an mhoill i

gcomhairle dlí a thabhairt don achomharcóir a bhí mídhleathach; mar sin féin, rinneadh a chuid cearta bunreachtúla a aiseag nuair a fuair sé comhairle dlí, agus dá bhrí sin d'fhan sé gafa agus coinnithe go cuí faoi alt 4 d'Acht 1984. Dá réir sin, bhí an t-iarratasóir i gcoinneáil dlíthiúil an tráth a ndearna sé na ráitis tar éis dá atur nae teacht agus glacadh na ráitis sin le ceart i bhfianaise.

Gabháil faoi Alt 30 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939

- 3.9** In *Director of Public Prosecutions v. Tyndall* (neamhthuaisricithe, 3 Bealtaine 2005) bhreithnigh an Chúirt Uachtarach na ceanglais maidir le gabháil bhailí faoi alt 30 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939, in imthosca nár tugadh aon fhianaise faoi dhrochamhras a bheith ar chomhalta den Gharda Síochána go ndearna an t-achomharcóir cion sceidealta ag tráth na gabhála. Éilíonn an t-alt go soiléir go mbeadh drochamhras ar an gcomhalta a dhéanann an ghabháil agus go gcaithfeadh fianaise den drochamhras sin a thabhairt i bhfianaise dhíreach nó i bhfianaise indíreach. Chinn an Chúirt gur cruthúnas riachtanach é an drochamhras sin, cé nach bhfuil sin sainmhínithe san acht, agus gur chóir go mbeadh sé bona fide agus nach mbeadh sé neamhréasúnach. Is fíric é atá le cruthú le fianaise dhíreach, nó is féidir tátal a bhaint as ó na himthosca. Ní raibh na himthosca sa chás seo den sórt sin go mbeadh ar chumas cúirte tátal a bhaint astu go raibh drochamhras ann.

Fianaise Dlí-Eolaíochta

- 3.10** In *Director of Public Prosecutions v. Boyce* (neamhthuaisricithe, 21 Nollaig 2005) bhreithnigh an Chúirt Uachtarach samplaí coirp a ghlacadh le haghaidh tástáil dlí-eolaíochta agus DNA. Fuair na Gardaí sampla fola le lántoil agus saorthoil an achomharcóra, gan aird ar fhoirmiúlachtaí an Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta), 1990. Rinneadh an argóint nach bhféadfaí glacadh leis an sampla mar nár tógadh an sampla de réir an Achta. Chinn an Chúirt Uachtarach nach gcuireann an tAcht teorainn ar cheart na nGardaí samplaí dlí-eolaíochta a thugtar go saorálach a thógáil nó a ghlacadh ó dhaoine. Má fhaightear fianaise dlí-eolaíochta go dlíthiúil i ndáil le cion áirithe

a thugann fianaise i ndeireadh thiar i ndáil le cionta eile, ní fhágann sé sin i bprionsabal nach féidir glacadh leis mura ndán agus go mbíonn gnéithe speisialta eile ar nós ansmacht nó meon mímhacánta ann.

ginearálta a thabhairt maidir le tionscnamh agus stiúradh ionchúiseamh, agus aon ionchúiseamh a thionscnaíonn comhalta den Gharda Síochána a ghlacadh ar láimh agus leanúint ar aghaidh leis nó é a fhoirceannadh.

3.11 Bhreithnigh an Chúirt freisin cibé ar chóir déileáil le samplaí dlí-eolaíochta ar an gcaoi chéanna le ráitis inchoiritheacha chun críche an dlí a bhaineann le féin-inchoiriú. D'aontaigh an Chúirt le cur chuige na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in *Saunders v. United Kingdom* ([1997] 23 EHRR 313), ina breithniú ar an gceart gan duine inchoiriú a dhéanamh air féin nó uirthi féin, ag déanamh idirdhealú idir ráitis féin-inchoiritheacha a dhéanann an cúisí agus cineálacha eile fianaise dlí-eolaíochta a bhíonn ann go neamhspleách ar thoil an chúisí. Is ann do nithe ar nós samplaí dlí-eolaíochta, doiciméid agus maoin eile an chúisí a d'fhéadfaí a fháil le linn bhailiú na fianaise go neamhspleách ar thoil an chúisí, agus níl a luach oibiachtúil fianaise spleách ar ráiteas nó cumarsáid féin-inchoiritheach ón gcúisí.

3.12 Breathnaíodh freisin ar pharaiméadair chroscheistiú fianaise saineolaí. Luaigh an finné saineolaí sleachta ón litríocht eolaíochta. Cuireadh béim air nach raibh an lua nó na sleachta sin ina gcuid den fhianaise. Mura mbíonn an ní a luaitear ón sliocht inghlactha ag an bhfinné saineolaí ansin is féidir leis an abhcóide don chosaint, má mheasann siad gur cuí sin a dhéanamh, fianaise saineolaí a ghairm a thacódh leis an ní sin agus d'fhéadfadh an fhianaise saineolaí sin a bheith ag brath ar an ní a luadh ón téacsleabhar nó ón tráchtas, nó d'fhéadfadh sé an ní sin a ghlacadh.

Acht an Gharda Síochána 2005

3.13 Is é Acht an Gharda Síochána an chéad mhór-athbhreithniú ar oibríocht an Gharda Síochána ó bhunú an Stáit, agus tá roinnt athchóirithe ann i ndáil le bainistiú agus riarachán an fhórsa. Déanann sé soiléiriú freisin ar fheidhmeanna agus ar chuspóirí an fhórsa. Soláthraíonn alt 8 an bonn reachtúil d'ionchúiseamh cionta a choimre ag comhaltaí den Gharda Síochána in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus cuireann sé ar chumas an Stiúrthóra an cleachtas a rialáil. Déanfar sin trí threoracha saineolaí nó

4 IONCHÚISIMH ALT 49(4) (Úsáid a bhaint as Tástáil Anála i bhFianaise)

4.1 Is é cuspóir na caibidle seo ná tuairisc chothrom le dáta a thabhairt ar an gcásdlí a eascraíonn as ionchúisimh eiseamail anála i dtiomáint mheisciúil a tugadh isteach de bhun an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1994.

Agóid Bhunreachtúil

4.2 Tá cinneadh na hArd-Chúirte a rinne McKechnie J, arna thabhairt an 14 Meán Fómhair 2004 i gcás *Ashley McGonnell, Oliver Quinlan and John Purcell v. The Attorney General and the Director of Public Prosecutions* fós faoi achomharc. Sheas an Ard-Chúirt le sláine bhunreachtúil fhorálacha an iontocaileora.

An Tréimhse Breathnóireachta 20 Nóiméad

4.3 D'éist an Ard-Chúirt roinnt cásanna inar tugadh aghaidh ar shaincheistean a d'eascair ar scór chinntí i gcásanna an *Director of Public Prosecutions v. Michael Finn* agus *Director of Public Prosecutions v. Damien McNiece* maidir leis an tréimhse breathnóireachta 20 nóiméad.

An gá atá le tréimhse breathnóireachta 20 nóiméad:

4.4 Chinn an cás *Director of Public Prosecutions v. Brendan Walsh*, Macken J, 16 Márta 2005, nach réamhriachtanas an tréimhse breathnóireachta 20 nóiméad chun ceanglas a dhéanamh faoi alt 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 eiseamal anála a thabhairt.

4.5 D'aontaigh Quirke J, le réasúnacht bhreithiúnas Brendan Walsh, ina bhreithiúnas *ex tempore* an 27 Deireadh Fómhair 2005 i gcás *Director of Public Prosecutions v. Patrick Finn* inar luaigh sé nach raibh aon oibleagáid ar an ionchúiseamh fianaise a thabhairt den tréimhse breathnóireachta 20 nóiméad mar chuid riachtanach d'ionchúiseamh alt 49.

Am os cionn 20 nóiméad:

4.6 Tar éis breithiúnais *Finn* agus *McNiece* rinneadh agóidí in aghaidh aon am os cionn 20 nóiméad nach raibh cuntas ag an ionchúiseamh orthu.

4.7 Ina bhreithiúnas *ex tempore* an 25 Iúil 2005 sa chás *Director of Public Prosecutions v. Robin Fox*, chinn Abbot J nach raibh coinneáil seacht nóiméad thar an tréimhse 20 nóiméad gan míniú a thabhairt inchosanta agus dúirt ina thuairim féin go gcaithfí údar maith a thabhairt d'aon tréimhse os cionn 5 nóiméad. Tá achomharc á dhéanamh ar an gcás.

4.8 Bhreithnigh an Ard-Chúirt an tsaincheist chéanna arís sa chás *Director of Public Prosecutions v. Tim O'Connor*, Quirke J, 14 Nollaig 2005 inar cinneadh go bhféadfadh coinneáil 27 nóiméad a bheith inchosanta agus leagadh amach na nithe a gcaithfidh an Chúirt Dúiche breathnú orthu nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi dhlíthiúlacht coinneála duine cúisithe. Osclaíodh cás *Robin Fox* san Ard-Chúirt sa chás seo.

Cásanna Eile Maidir Le hIonchúisimh Alt 49(4)

4.9 Sa chás *Director of Public Prosecutions (ar agra an Gharda Cathal O Reilly) v. Andrew Barnes – O'Neill* J, 18 Iúil 2005, breithníodh an cheist faoi earráidí i ndeimhните alt 17, an earráid áirithe sa chás seo go raibh an cion mícheart clóbhuailte isteach sa mheaisín iontocaileora ag tús an phróisis. Cinneadh nach raibh earráid den sórt sin tubaisteach don ionchúiseamh agus nár bhain sé den ráiteas a bhí i gceist a chomhlánú go cúí.

4.10 Rinneadh tagairt do bhreithiúnas O'Flaherty J in *Director of Public Prosecutions v. Somers* (1999) 1.IR.115 inar luadh "go raibh sé dodhéanta foirfeacht a lorg ag gach tráth den saol agus nuair

a bhíonn fabht bídeach i líonadh amach doiciméid den sórt seo, ar fabht é nach bhfuil suntasach agus nach bhféadfadh aon éigeartas a oibriú ar an gcúisí agus nach bhfuil sé ar neamhréir le críocha agus cuspóirí na reachtaíochta, ansin tá ar na cúirteanna a rá nach féidir le botún den sórt sin, mar atá againn anseo, éigeartas soiléir a chruthú chomh fada agus a bhaineann le hionchúiseamh an chiona seo".

4.11 Tugann an cás *Director of Public Prosecutions v. John Bourke*, Quirke J – 21 Deireadh Fómhair 2005, aghaidh ar shaincheist an toimhdithe atá in alt 21(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 agus an caighdeán is gá chun an céanna a fhrisnéis. Go bunúsach, athdhearbhaíodh an prionsabal atá tugtha sa chás *Director of Public Prosecutions v. Collins* (1981) ILRM 447 nach leor díreach tuairim chun teacht in áit an toimhde. Ba iad fíricí an cháis gur taifeadadh gur tugadh an dá eiseamal sa nóiméad céanna. Mhaígh an chosaint nach raibh sé indéanta don mheaisín anailís a dhéanamh ar dhá eiseamal laistigh den tréimhse sin. D’ainneoin fianaise ó eolaí ón mBiúró Liachta um Shábháilteacht Bóithre go raibh seo go deimhin indéanta, chinn an Breitheamh Dúiche “go raibh friséis dhóthanach den fhianaise toimhdithe ‘prima facie’ ann de réir chosúlacht na ráitis a tugadh de bhua alt 13 d’Acht 1994” agus dhíbh an breitheamh an cúiseamh. Chinn an Ard-Chúirt ar an bhfianaise a bhí os comhair na cúirte nár chóir an cúiseamh a dhíbheadh. Ní raibh in aighneacht na cosanta ach díreach tuairim agus dá bhrí sin nárbh leor é chun an toimhde a fhrisnéis.

Cásanna Diúltaithe

4.12 An 28 Iúil 2005, thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas sa chás *Director of Public Prosecutions v. Bridget Moorehouse* ina raibh an cosantóir cúisithe le cion gur mhainnigh sí eiseamal anála a sholáthar “an tslí a léirigh an comhalta sin den *Garda Síochána*”. Déileáladh le dhá shaincheist i mbreithiúnas na Cúirte Uachtaraí:

- Sa chás go mbíonn an ráiteas “sa tslí a léirigh an comhalta sin den *Garda Síochána*” in úsáid sa chúiseamh ní fios don dlí an cion.

- Chun go gcomhlíonfaí le ceanglas alt 13(a), caithfidh an cosantóir dhá eiseamal anála a thabhairt a cheadódh an tiúchan alcóil a chinneadh.

4.13 I mbeagán focal, leanann an réimse d’ionchúisimh alt 49(4) de bheith faoi réir ag scrúdú breithiúnach san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach.

5 ATHBHREITHNITHE AR PHIANBHREITHEANNA Ó THAOBH TRÓCAIREACHTA MÍCHUÍ (Fachtóirí Maolaithe agus Tromaithe)

- 5.1** Ba chóir go mbeadh aird ag an mbreitheamh a ghearrann an phianbhreith ar aon fhachtóirí maolaithe nó tromaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhad agus/nó do nádúr na pianbhreithe a fhorchuirtear ar dhuine ciontaithe. Áirítear ar fhachtóirí maolaithe nithe ar nós óige an chúisí, easpa ciontuithé roimh ré, aiféala agus cúlra teaghlaigh.
- 5.2** Thionscain an Stiúrthóir roinnt iarratas ar athbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar an gcúis go raibh siad trócaireach go míchuí i 2005 inar áitíodh gur chuir an breitheamh an iomarca tábhachta leis na fachtóirí maolaithe agus nár luadh tábhacht a dhóthain le fachtóirí tromaithe ciona.
- 5.3** In *Director of Public Prosecutions v. Michael Maher & Anthony Whelan* tharla robáil agus marú fir 17 mbliana nuair a shá comhchúisí (Christopher Dunne) uair amháin é. Fuair Anthony Whelan pianbhreith ocht mbliana (le sé bliana ar fionraí) do dhúnorgain agus sé bliana (le ceithre bliana ar fionraí) don robáil. Fuair Michael Maher pianbhreith deich mbliana (le seacht mbliana ar fionraí) do dhúnorgain agus seacht mbliana (le ceithre bliana ar fionraí) don robáil. Tháinig an Chúirt Achomhairc Choiriúil ar an tátal nach raibh na pianbhreitheanna a forchuireadh iad féin lasmuigh de na paraiméadair do phianbhreith a ghearradh i gcás den chineál seo. Chinn sí, áfach, go raibh an chuid den phianbhreith a cuireadh ar fionraí iomarcach.
- 5.4** Bhreithnigh an breitheamh trialach imthosca gach cúisí agus mheas na fachtóirí maolaithe seo a leanas do Anthony Whelan: a aois, nár tharraing sé scian, nach raibh aon chiontuithé roimhe sin aige agus a chuid aiféala.
- 5.5** Aithníodh na himthosca maolaithe seo a leanas i gcás an Uasal Maher: gur admhaigh sé a rannpháirtíocht go hiomlán do na Gardaí, nach raibh aon chiontuithé roimhe sin aige (seachas mionchionta faoin Acht Oird Phoiblí), a aois, a chúlra teaghlaigh agus go raibh aiféala air.
- 5.6** Chinn an Chúirt gur chuir an breitheamh a ghearr an phianbhreith ualach rómhór ar na fachtóirí maolaithe sin a chuir Abhcóide na n-iarratasóirí chun cinn agus nach raibh aon údar maith ann chun na pianbhreitheanna a tugadh a laghdú. Cuireadh pianbhreitheanna nua i bhfeidhm don dá chúisí le deich mbliana (le ceithre bliana ar fionraí) do dhúnorgain agus seacht mbliana (le bliain amháin ar fionraí) don robáil.
- 5.7** Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Patrick Gately*, ciontaíodh an cúisí in úsáid neamhúdraithe cairr agus cur i mbaol meargánta i ndáil leis an tslí ar thiomáin sé í. D'áitigh an Stiúrthóir agus é ag cur isteach ar athbhreithniú ar an bpianbhreith gur mhainnigh an breitheamh trialach ualach dóthanach a thabhairt d'fhachtóirí tromaithe an chiona – timpiste thromchúiseach tráchta bóthair – gur tharla an cion go déanach san oíche, i gcarr a tógadh gan chead, tiomáint ar ardluas agus bualadh faoi charr eile ag fágáil beirt a

bhí inti gortaithe. Chinn an Chúirt nár tugadh aon ualach do thaifead ciontuithe an chúisí do chionta den chineál céanna, a laghad aiféala a bhí air agus a laghad géarchúise.

- 5.8** Sa chás seo ba dheimhin leis an gCúirt Achomhairc Choiriúil gur chuir an breitheamh trialach an iomarca d'ualach ar na fachtóirí maolaithe a chuala sé ag an éisteacht pianbhreithe agus gur fhorchuir an breitheamh pianbhreith ró-thrócaireach d'ocht mí dhéag (le sé mhí ar fionraí). Forchuireadh pianbhreith nua de cheithre bliana (le dhá mhí dhéag ar fionraí).
- 5.9** Chinn an Chúirt gur chóir go mbreathnódh an breitheamh a ghearr an phianbhreith ar thromchúise an chiona féin seachas ar imthosca pearsanta an chúisí mar an fachtóir ba thábhachtaí i bhforchur na pianbhreithe.
- 5.10** In *Director of Public Prosecutions v. Julian Gilloughley* (neamhthuairiscithe, Cúirt Achomhairc Choiriúil, 7 Marta 2005), thaisc an Stiúrthóir iarratas chun athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith cúig bliana (le dhá bhliain ar fionraí) maidir le dhá scór de sheilbh drugaí a raibh comhluch de €15 milliún luaite leo contrártha d'alt 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977, arna leasú.
- 5.11** Chinn an Chúirt Achomhairc Choiriúil gur fachtóirí iad na fachtóirí maolaithe ar thagair an chosaint dóibh, ar nós pléadail luath, comhoibriú leis na Gardaí, gur cuireadh iallach ar an gcúisí, nach raibh aon chiontuithe roimhe sin aige agus go mba 'rannpháirtí níos lú' a bhí ann, a bheadh i go leor cásanna den chineál sin agus gur cuireadh an iomarca d'ualach ar na fachtóirí sin ó thaobh maolú na pianbhreithe de. Tháinig an Chúirt ar an tátal go ndearna an breitheamh trialach léannta earráid i bprionsabal trína laghad ualaigh a thug sé don phianbhreith íosta reachtúil de dheich mbliana.
- 5.12** Tháinig an Chúirt ar an tátal go raibh an phianbhreith trócaireach go míchuí agus mhéadaigh sí an phianbhreith go dtí seacht mbliana. Chinn an Chúirt go raibh aird rómhór ag an mbreitheamh trialach ar imthosca pearsanta an chúisí seachas ar an gcion féin agus gur chóir go mbeadh an méid drugaí a fuarthas

ina fhachtóir tábhachtach agus tromchúise na coire á mheas.

- 5.13** In *Director of Public Prosecutions v. NN* (breithiúnas *ex-tempore* 27 Meitheamh 2005) phléadail an freagróir ciontach de channabas a bheith ina seilbh aici contrártha d'alt 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977, arna leasú. Bhí an 20 cileagram drugaí, le luach sráide idir €70,000 agus €80,000, curtha i bhfolach i bhfrámaí pictiúir a raibh socrú déanta ag an gcúisí lena dtabhairt anall as Johannesburg go dtí Baile Átha Cliath, áit ar gabhadh í. Chuala an Chúirt go raibh sí féin agus a hiníon HIV-deimhneach agus gur phléadail sí ciontach chomh luath agus a d'fhéad sí. D'fhorchuir an breitheamh a ghearr an phianbhreith pianbhreith sé bliana (le dhá bhliain ar fionraí).
- 5.14** Ar iarratas an Stiúrthóra athbhreithniú a dhéanamh ar an bpianbhreith ó thaobh trócaireachta míchuí de a éisteacht, chinn an Chúirt Achomhairc Choiriúil gur chuir an breitheamh na fachtóirí maolaithe cuí (breoiteacht agus pléadail ciontach) agus na fachtóirí tromaithe cuí (luach na ndrugaí agus tromchúise an chiona) an cháis go léir san áireamh agus dá bhrí sin, nach ndearna sé earráid i bprionsabal sa phianbhreith a chuir sé.

6 SAORÁIL FAISNÉISE

- 6.1** Tugann alt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ceart maidir le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige, agus sin amháin. Ciallaíonn sé sin nach féidir rochtain a fháil ar thaifid a bhaineann le comhaid choiriúla ionchúisimh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
- 6.2** Leanann an Oifig de bheith ag cur eolas Saorála Faisnéise ar fáil chomh réidh agus is féidir lenár Leabhar Tagartha alt 15 agus 16 athbhreithnithe a bheith ar fáil go forleathan i leabharlanna poiblí ar fud na tíre agus ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie. Tugann an foilseachán sin imlíne ar ghnó na hOifige, lena n-áirítear na cineálacha taifead a choinnítear.
- 6.3** Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Saorála Faisnéise ar an teileafón nó le ríomhphost ag foi@dppireland.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist sin a úsáid le haghaidh fiosruithe ginearálta ar Shaoráil Faisnéise ach ní féidir é a úsáid chun iarraidh a chur isteach a mbíonn táille iarratais de dhíth ina leith.

Iarrataí a Fuarthas 2005

Diúltaithe faoi alt 46 (1) (b)	7
Tarraingthe siar/déileáilte leo lasmuigh den tSaoráil Faisnéise	3
Deonaíodh iarraidh	2
IOMLÁN NA N-IARRATAÍ	12

- 6.4** Cuireadh dhá iarraidh déag ar an iomlán isteach chuig an Oifig i rith 2005. Diúltaíodh seacht gcinn den dá iarraidh déag sin faoin Acht agus tarraingíodh trí iarraidh siar nó déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise. Deonaíodh dhá iarraidh ina n-iomláine. Ba í an chúis leis na diúltuithe ná nár bhain na taifid a lorgaíodh le riarachán ginearálta na hOifige.
- 6.5** Is iriseoir a chuir isteach ceann de na hiarrataí, is daoine ón bpobal i gcoitinne a rinne an t-aon iarraidh déag eile agus bhain deich n-iarraidh le comhaid choiriúla.
- 6.6** Sa seacht gcás inar diúltaíodh do na hiarrataí, lorg an té a rinne an t-iarraidh athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh bunaidh. I ngach cás seasadh leis an gcinneadh bunaidh. Rinne beirt iarratóirí ansin achomharc ar an gcinneadh chuig an gCoimisinéir Faisnéise agus sheas an Coimisiún freisin leis na cinntí bunaidh.

Iarratóirí 2005

Iriseoir	1
An Pobal i gCoitinne	11

Athbhreithnithe

Iarrataí ar Athbhreithniú Inmheánach	3
Iarrataí chuig an gCoimisinéir Faisnéise ar Athbhreithniú	2

7 STAITISTICÍ

Nóta Míniúcháin i nDáil le Staitisticí

7.1 Tá na staitisticí a léirítear sa tuarascáil seo tiomsaithe ó shonraí a tógadh ónár gcórais Teicneolaochta Eolais a úsáidtear go príomha mar chóras rianaithe cás agus níl sé mar chuspóir príomha leo staitisticí a chruthú. Tá na córais faoi réir ag forbairt leanúnach chun cur le hardchaighdeán na sonraí a chuirtear ar fáil.

7.2 Tá an chaibidil deighilte ina thrí alt ar leithligh:

- Baineann Cairteacha 1 go dtí 6 le comhaid a fuarthas san Oifig agus bíonn mionsonraí iontu ar na cineálacha treoracha a rinneadh;
- Tugann Cairteacha 7 go dtí 11 mionsonraí de thorthaí na gcásanna a rinne an Stiúrthóir a ionchúiseamh ar diotáil i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2003 agus 2005;
- Tugann Cairteacha 12 go dtí 14 staitisticí ar chaiteachas na hOifige.

7.3 Tagraíonn na teorainneacha bliantúla go léir sna táblaí staitisticí don bhliain a bhfuarthas an comhad san Oifig. Is í an chúis le dul siar chomh fada i gCairteacha 7 go dtí 11 ná chun an difríocht ama idir treoír a dhéanamh agus taifeadadh ar fhíoras na trialach a chur san áireamh. Dá mba rud é go mbeadh staitisticí i ndáil le torthaí chásanna 2004 le cur ar fáil bheadh cion mór de na cásanna fós rangaithe mar 'le héisteacht'.

7.4 Sa tuarascáil seo d'fhéachamar i bhformhór na gcásanna leaganacha cothrom le dáta a thabhairt de na sonraí atá leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil 2004 chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ó foilsíodh na sonraí sin roimhe seo. Mar gheall ar an athrú leanúnach i stádas na sonraí ag aon

tráth ar leith, m.sh. comhaid 'atá á mbreithniú' nó cásanna 'atá le héisteacht', beidh an fhaisnéis a thugtar sa tuarascáil seo difriúil óna raibh ann don bhliain chéanna i dtuarascáil na bliana anuraidh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sonraí ó dhá bhliain dhifriúla go hiomlán inchomparáideach mar gheall de réir mar a bhíonn am á chaitheamh go dtugtar níos mó cásanna chun críche agus mar sin go gcaitheann go mbíonn faisnéis ó bhlianta níos túisce níos iomláine ná ó bhlianta níos deireanaí. Mura bhfuil a mhalairt luaite, tugadh sonraí atá sna staitisticí seo cothrom le dáta amhail Bealtaine 2006.


7.5 Ní mór cúram a ghlacadh i gcás go mbíonn na staitisticí seo á mbreithniú i bhfianaise staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile ar nós an tSeirbhís Chúirteanna nó An Garda Síochána. Tá na staitisticí atá foilsithe anseo bunaithe ar ár gcórais rangaithe agus catagóirithe féin agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad, i gcásanna áirithe, ag teacht le córais rangaithe eagraíochtaí eile.

Léiríonn Cairt 1 líon iomlán na gcomhad a fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí idir 1976 agus 2005.

Is le himscrúdú coireachta a bhain formhór na gcomhad a fuair an Oifig. Bhain an chuid eile le ceisteanna ginearálta, nithe le haghaidh athbheithnithe breithiúnacha nó iarratais ar chomhairle dhlíthiúil ón nGarda Síochána nó aturnaetha stáit áitiúla. Tá líon na gcásanna méadaithe i gcoitinne ó bhliain go bliain ó bunaíodh an Oifig, ó thaobh líon na gcomhad a fhaightear agus castacht na saincheisteanna a gcaithfear dul i ngleic leo.

Tá laghdú suntasach os cionn 1,000 comhad sna figiúirí don tréimhse 2000 go 2001 mar thoradh ar athrú ar na socrúithe riaracháin lena gceadaítear don Gharda Síochána cionta áirithe a ionchúiseamh gan comhaid a chur faoi bhráid na hOifige roimh ré le treoracha a fháil. Is ann don mhéadú mór sna figiúirí ó 2001 go dtí 2002 mar gheall ar Roinn Choiriúil Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit a aistriú go dtí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i Nollaig 2001 chun Roinn Athurnaetha na hOifige a chruthú.

Cairt 1 **LÍON IOMLÁN NA gCOMHAD A FUARTHAS**




Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnaetha don Stiúirthóir agus gníomhaíonn thar a cheann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Breithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Tá na hiarratais sin arbh éigin treoir a thabhairt ina leith san áireamh freisin sna figiúirí don Roinn Treorúcháin (Cairt 3) faoin gcatagóir 'comhaid dhlíthiúla eile'. Is féidir leis an Stiúirthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh

Cairt 2 COMHAID A nDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA nATURNAETHA

Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche	2357	37%	1820	25%	2422	34%
Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda	1830	29%	3117	43%	2333	33%
Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte	1727	27%	1958	27%	2002	28%
Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha	373	6%	299	4%	279	4%
IOMLÁN	6287	100%	7194	100%	7036	100%




Déanann Cairt 3 comparáid idir líon na gcomhad a fuair an Roinn Treorúcháin agus na ndaoine atá faoi amhras is ábhar do na comhaid seo. Baineann go leor díobh le níos mó ná duine amháin agus d'fhéadfaí dul amú a chruthú i dtaobh ualach oibre na hOifige dá ndéileálfáí le comhad den sórt sin mar chás aonar. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar líon iomlán na ndaoine atá faoi amhras chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

NÓTA: *Faigheann roinnt comhad freisin sa Rannán Stiúrtha gach bliain nach mbaineann le hionchúisimh. Áirítear orthu sin iarratais ar chomhairle dhlíthiúil ón nGarda Síochána agus ó aturnaetha stáit áitiúla mar aon le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach arna bhfáil ó Roinn na nAturnaetha i gcomhair treorach. Tá imlíne tugtha ar na comhaid sin sa chairt mar 'comhaid dhlíthiúla eile'.*

Cairt 3 CUR SÍOS AR NA COMHAID A FUAIR AN ROINN TREORÚCHÁIN

Líon comhad ionchúiseamh a fuair an Roinn Treorúcháin	7499	6711	7010
Líon daoine is ábhar do chomhaid ionchúiseamh	9967	9487	9703
Líon comhad dlíthiúla a fuarthas nár bhain le hionchúiseamh	689	710	650



Tá cur síos sa chart seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2003, 2004 agus 2005 (suas go dtí Bealtaine 2006). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcuntas:

Ionchúiseamh ar bith: Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

Ionchúiseamh ar Díotáil: Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.


Diúscairt Achomair: Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

Faoi Bhreithniú: Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

NÓTA: Tá na figiúirí do 2003 agus 2004 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hionchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaíodh cosantóirí le haghaidh trialach agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.

Cairt 4 DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS


Treoir Déanta	2005	%	2004	%	2003	%
Ionchúiseamh ar Bith	3711	37%	3938	42%	3841	40%
Ionchúiseamh nó Indíotail	2891	29%	2770	29%	2925	30%
Diúscairt Achomair	2981	30%	2531	27%	2769	29%
LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH	9583	96%	9239	97%	9535	98%
Faoi Bhreithniú	384	4%	248	3%	168	2%
IOMLÁN	9967	100%	9487	100%	9703	100%



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo ('eile') gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná moill, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt.

Cairt 4a CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh	2005	%	2004	%	2003	%
Ganntanas Fianaise	2773	75%	2882	73%	2906	76%
Clár Athstíúrtha Óige	199	5%	224	6%	157	4%
Leas an Phobail	192	5%	175	4%	198	5%
Forais Simpíteacha	72	2%	50	1%	54	1%
Tréimhse Ama Caite	192	5%	266	7%	287	7%
Eile	283	8%	341	9%	239	6%
IOMLÁN	3711	100%	3938	100%	3841	100%



Is breiseadh síos atá i gCairt 4b de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndéanadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta.

Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna do 2005 ar cásanna iad atá á mbeithniú (féach Cairt 4). Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

Cairt 4b CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

Daonra*	Cásanna an 1,000 Dúinne							Meáin Rolta 3 Bliana					
	2005	2004	2003	2002	2001	2005	2004	2003	2002	2001	2003-2005	2002-2004	2001-2003
Ceatharlach	40	22	23	29	17	0.87	0.48	0.50	0.63	0.37	0.62	0.54	0.50
An Cabhán	28	29	31	45	26	0.50	0.51	0.55	0.80	0.46	0.52	0.62	0.60
An Clár	69	62	68	51	28	0.67	0.60	0.66	0.49	0.27	0.64	0.58	0.47
Corcaigh	308	248	303	295	275	0.69	0.55	0.68	0.66	0.61	0.64	0.63	0.65
Dún na nGall	45	40	66	42	38	0.33	0.29	0.48	0.31	0.28	0.37	0.36	0.35
Baile Átha Cliath	1500	1419	1490	1525	1417	1.34	1.26	1.33	1.36	1.26	1.31	1.32	1.32
Gaillimh	54	85	49	47	61	0.26	0.41	0.23	0.22	0.29	0.30	0.29	0.25
Ciarráí	58	58	69	45	42	0.44	0.44	0.52	0.34	0.32	0.47	0.43	0.39
Cill Dara	109	139	97	123	92	0.66	0.85	0.59	0.75	0.56	0.70	0.73	0.63
Cill Chainnigh	30	56	26	22	41	0.37	0.70	0.32	0.27	0.51	0.46	0.43	0.37
Lois	25	33	20	30	17	0.43	0.56	0.34	0.51	0.29	0.44	0.47	0.38
Liatroim	13	4	18	2	4	0.50	0.16	0.70	0.08	0.16	0.45	0.31	0.31
Luimneach	128	85	108	83	89	0.73	0.48	0.62	0.47	0.51	0.61	0.52	0.53
An Longford	9	11	16	16	8	0.29	0.35	0.51	0.51	0.26	0.39	0.46	0.43
Lú	36	73	79	96	71	0.35	0.72	0.78	0.94	0.70	0.62	0.81	0.81
Maigh Eo	46	52	27	29	18	0.39	0.44	0.23	0.25	0.15	0.35	0.31	0.21
An Mhí	60	49	55	48	54	0.45	0.37	0.41	0.36	0.40	0.41	0.38	0.39
Muineachán	40	22	30	40	40	0.76	0.42	0.57	0.76	0.76	0.58	0.58	0.70
Uíbh Fhailí	20	19	30	11	31	0.31	0.30	0.47	0.17	0.49	0.36	0.31	0.38
Ros Comáin	15	23	25	13	19	0.28	0.43	0.46	0.24	0.35	0.39	0.38	0.35
Sligeach	45	40	41	19	45	0.77	0.69	0.70	0.33	0.77	0.72	0.57	0.60
Tiobraid Árann	55	46	49	49	43	0.39	0.33	0.35	0.35	0.31	0.36	0.34	0.34
Port Láirge	60	64	96	72	52	0.59	0.63	0.95	0.71	0.51	0.72	0.76	0.72
An Iarmhí	39	25	42	35	48	0.54	0.35	0.58	0.49	0.67	0.49	0.47	0.58
Loch Garman	38	41	49	34	54	0.33	0.35	0.42	0.29	0.46	0.37	0.35	0.39
Cill Mhantáin	21	25	18	22	20	0.18	0.22	0.16	0.19	0.17	0.19	0.19	0.17
IOMLÁN	2891	2770	2925	2823	2650								

*Figiúirí Daonáirimh 2002


Léiríonn Cairt 5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiúint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir “duine atá faoi amhras” seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Féadfar tuilleadh faisnéise a lorg chun cruthúnas cáis a fheabhsú, cé nach comhartha é seo go raibh aon locht ar an imscrúdú.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh

Cairt 5 AN tAM A CAITHEADH SULAR EISÍODH CINNEADH

An tAm a Caitheadh	2005	%	2004	%	2003	%
0 - Dhá Sheachtain	4684	47%	4081	43%	3904	40%
Dhá - Cheithre Sheachtain	1438	14%	1223	13%	1258	13%
Ceithre Seachtaine - Trí Mhí	2249	23%	2234	24%	2332	24%
Trí Mhí - Sé Mhí	905	9%	960	10%	1159	12%
Sé Mhí - Dhá Mhí Dhéag	283	3%	508	5%	640	7%
Os Cionn Bliana	24	0%	233	2%	242	2%
LÍON IOMLÁN COMHAD DIÚSCARTHA	9583	96%	9239	97%	9535	98%
Faoi Bhreithniú	384	4%	248	3%	168	2%
IOMLÁN	9967	100%	9487	100%	9703	100%



Forálann Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, go bhféadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil pianbhreith a fhorchuireann an chúirt thrialach a athbhreithniú, más dealraitheach go raibh an phianbhreith a forchuireadh sa dlí trócaireach go mí-chuí.


Tugann Cairt 6 thíos mionsonraí den líon iarratas a rinneadh ó tugadh isteach an tAcht.

I dTuarascálacha Bliantúla roimhe 2004, leagadh torthaí na n-iarratas amach de réir na bliana inar taisceadh iad. Ní bhíodh na hiarratais go léir a taisceadh don bhliain dá raibh an Tuarascáil Bhliantúil ag tuairisciú, áfach, éiste ag dáta fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla agus bhíodh na torthaí do na hiarratais sin liostaithe mar ar feitheamh. Cinneadh dá bhrí sin, ón mbliain 2003 ar aghaidh, torthaí na n-iarratas a leagan amach de réir na bliana inar éisteadh iad.

Tugann Cairt 6a thíos imlíne ar thorthaí na n-iarratas, ó na blianta 1994 go dtí 2002, de réir na bliana inar taisceadh an t-iarratas (mar a bhí sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo).

Tugann Cairt 6b imlíne de thorthaí na n-iarratas, ón mbliain 2003 ar aghaidh, de réir na bliana inar éisteadh an t-iarratas.

Cairt 6 IARRATAÍS AR PHIANBHREITHEANNA A ATHBHREITHNIÚ AR FHORAS ROTHRÓCIARE



Cairt 6a **TORTHAÍ NA nIARRATAS DE RÉIR NA BLIANA AR TAISCEADH IAD**

Bliain Thaisceadh an Iarratais	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
1994	-	1	1	2
1995	-	1	1	2
1996	1	1	1	3
1997	2	2	-	4
1998	6	3	3	12
1999	17	16	1	34
2000	15	13	3	31
2001	17	3	3	23
2002	14	9	-	23

Cairt 6b **TORTHAÍ NA nIARRATAS DE RÉIR NA BLIANA AR ÉISTEADH IAD**

Bliain Thaisceadh an Iarratais	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
2003	11	8	1	20
2004	13	8	1	22
2005	18	9	2	29

TORTHAÍ IONCHÚISEAMH A TÓGADH AR DÍOTÁIL

Cuireann cairteanna 7 go dtí 11 eolas ar fáil d'ionchúisimh ar díotáil a thóg an Stiúrthóir i ndáil le comhaid a fuair an Oifig idir 2002 agus 2004. Mar a dúradh sa nóta míniúcháin tosaigh, ba chóir cúram a ghlacadh sula ndéanfaí comparáid le figiúirí a chuireann aon eagraíocht eile ar fáil, mar gur dócha gur tiomsaíodh ar bhonn difriúil iad.

Baineann na figiúirí sna cairteanna seo le daoine aonair a bhfuil amhras fúthu agus a bhfuil treoir tugtha iad a ionchúiseamh ar díotáil. Soláthraítear na staidrimh ar bhonn duine ar dhuine seachas a bheith bunaithe ar na comhaid a fuarthas. Sin mar gheall go ndéantar treoir i ndáil le gach duine aonair a bhfuil amhras faoi nó fúithi atá i gcomhad seachas in aghaidh an chomhaid ina iomláine mar eintiteas ann féin. Ag brath ar an bhfianaise a thugtar, is minic go ndéantar teoracha dirfriúla i ndáil le daoine éagsúla a bhfuil amhras fúthu a fhaightear mar chuid den chomhad céanna. Déanann tagairtí sna cairteanna seo do 'chásanna' tagairt d'ionchúisimh den sórt sin a thógáil in aghaidh daoine aonair a bhfuil amhras fúthu. Cé gur féidir daoine aonair a bhfuil amhras fúthu atá luaite i gcomhad a chur ar a dtríail le chéile i gcás go mbíonn treoir tugtha iad a ionchúiseamh i gcúirteanna den dlínse chéanna, déanfar an bhreith i gcás gach duine aonair a bhfuil amhras faoi nó fúithi a chóimheas ar leithligh chun críche na staidreamh seo.

Cuirtear staidrimh ar fáil ar bhonn toradh amháin do gach duine atá faoi amhras; beag beann ar an líon cúiseamh a d'fhéadafaí a ionchúiseamh in aghaidh an duine sin i ndáil leis an gcomhad sin. I gcás go gciontaítear duine atá faoi amhras in aon chúiseamh, cuirfeadh an duine sin i gcatagóir 'ciontaithe' is cuma an bhfuil an ciontú don phríomhchúiseamh nó do chúiseamh níos lú nó do chúisimh ar díotáil. Is gcás go gcuirtear duine atá faoi amhras i gcatagóir 'éigiontaithe', ciallaíonn sé sin go mbíonn an duine a bhfuil amhras faoi nó fúithi éigiontaithe ar na cúisimh go léir. Maidir le cásanna a éistear sa Phríomh-Chúirt Choiriúil d'éigniú agus dúnmharú, tugtar briseadh síos breise i ndáil le ciontuithe do chion nach bhfuil chomh tromhchúiseach (m.sh. dúnorgain seachas dúrmharú). Níl an fhaisnéis sin ar fáil inár gcórais ríomhaireachta maidir leis na cúirteanna eile agus mar sin ba chóir é sin a chur san áireamh nuair a bhítear ag baint brí as na staidrimh dóibh. Déantar daoine a bhfuil amhras fúthu a bhíonn os comhair na gcúirteanna sin a rangú bunaithe ar an gcion is tromchúisí a chuirtear ina leith, ach d'fhéadfadh an cion nó na cionta ina gciontaítear iad a bheith difriúil ó na cionta faoina bhfuil siad rangaithe sna cairteanna.

Ba chóir a thabhairt ar aird, go mbaineann na staidrimh atá sna cairteanna seo lenár tharla sa chúirt thrialach amháin agus ní in aon chúirt achomhairc ina dhiaidh sin. I bhfocail eile, i gcás go gciontaítear duine agus go gcealaítear an ciontú sin ina dhiaidh sin ar achomharc, taispeántear toradh na trialach inár gcuid staidreamh fós mar chiontú.

Ba chóir cúram a ghlacadh i ndáil le léirmhíniú na rátaí ciontaithe agus éigiontaithe maidir le blianta níos deireanaí, mar go bhfuil líon mór cásanna ann nach bhfuil tugtha chun críche. Ní bheidh an íomhá a thugann na staidrimh seo chomh hiomlán agus dá bhrí sin ní bheidh siad chomh hionadaíoch leis an íomhá do na staidrimh do bhlianta níos túisce. Ní gá gur sampla ionadaíoch den iomlán a bheadh i gcásanna a thionóltar réasúnta luath.

Léiríonn Cairt 7 an toradh a bhí ar na hionchúisimh ar díotáil a tugadh i ndáil le cúisithe ar thosaigh na hionchúisimh ina leith sna blianta 2002 go 2004 (suas go Bealtaine 2006). Baineann na figiúirí le:

Ciontú: Ciontú i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cúiseanna a bhí i gceist.


Scaoileadh saor: An cosantóir neamhchiontach i leith gach cúis a bhí i gceist.

Gan éisteacht go fóill: Cinneadh déanta dul ar aghaidh le hionchúiseamh agus iad le dul os comhair cúirte.

NÓTA: Níl figiúirí don bhliain 2005 ar áireamh mar nach bhfuil déileáilte fós ag na cúirteanna lena bhformhór.


Cairt 7 **TORTHAÍ na gCÁSANNA - IONCHÚISIMH AR DÍOTÁIL**

Toradh	2004	%	2003	%	2002	%
Ciontú	1642	59%	1896	65%	2010	71%
Scaoileadh saor	110	4%	156	5%	132	5%
Gan Éisteacht go Fóill	883	32%	734	25%	570	20%
Caite amach/Éiríodh as	135	5%	139	5%	111	4%
IOMLÁN	2770	100%	2925	100%	2823	100%



Cairt 7a **ACHOIMRE - CIONTAITHE/SCAOILEADH SAOR (CÁSANNA NÁR ÉISTÍODH GO FÓILL GAN BHEITH SAN ÁIREAMH)**

	2004	%	2003	%	2002	%
Ciontaithe ag Giúiré	79	5%	120	6%	180	8%
Ciontú tar éis Pléadáil Ciontach	1563	89%	1776	87%	1830	85%
CIONTAITHE - IOMLÁN	1642	94%	1896	92%	2010	94%
Scaoilte Saor ag Giúiré	52	3%	94	5%	78	4%
Scaoilte Saor ar Threoir ón mBreitheamh	58	3%	62	3%	54	3%
SCAOILEADH SAOR - IOMLÁN	110	6%	156	8%	132	6%
IOMLÁN	1752	100%	2052	100%	2142	100%



Tugann Cairt 8 briseadh síos ar na hionchúisimh a treoraíodh ar dtóil a éisteacht sa Chúirt Chuarda. Is iad na cásanna atá rangaithe mar 'Le hÉisteacht' ná na cásanna sin nach bhfuil fóirasc taifeadta go fóill ina leith. I gcuid de na cásanna seo, d'fhéadfadh tús a bheith curtha ag triail le héisteachtaí, ach go mbeadh na himeachtaí stoptha ag iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go bhfuil an cosantóir éalaithe roimh an triail agus go bhfuil barántas binse agus/nó imeachtaí eiseachadta i bhfeidhm. B'fhéidir le cásanna eile, go háirithe iad sin de chineál casta, nach bhfuil siad tagtha chun trialach go fóill. Mar gheall ar an gcion mór de cásanna 'Le hÉisteacht' atá ann, níl na figiúirí sna blianta is déanaí chomh hionadaíoch. Tá feidhm ag an gcoinníoll sin freisin i gcás Chairteanna 9-11. I gcás go mbiomn easaontas faoi thoradh trialach, déileáiltear leis an gcás fós mar 'Le hÉisteacht' mura mbiomn *nolle prosequi* iontráilte.

Cairt 8 TORTHAÍ NA gCÁSANNA A IONCHÚISIODH SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA

	Iomlán		Ciontú ag Giúiré		Ciontú ar Phléadáil		Éigiontú ag Giúiré		Éigiontú ag Threoir an Bhreithimh		Le hÉisteacht		Diúscairt ar Shlí Eile		
	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2002
Timpestí Marfacha ag an Obair	7	8	0	2	0	0	0	0	0	0	0	4	1	0	0
Timpestí Marfacha Trácta Bóthair	54	37	3	4	6	21	32	2	3	2	1	22	6	2	1
Dúnorgain	9	9	0	1	2	2	10	0	0	1	0	7	6	2	0
Cionta Marfacha Eile	0	2	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	1	1	0
Iomláin - Cionta Marfacha	70	56	3	7	8	31	29	47	2	3	1	2	4	33	14
Buirgléireacht	253	267	5	3	6	158	194	197	1	5	3	5	5	0	76
Calaois	70	54	4	0	1	34	33	16	1	0	0	2	3	0	28
Robáil	402	405	1	11	12	280	299	345	1	2	3	4	3	4	100
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	204	234	4	4	15	123	137	177	1	4	4	3	8	11	66
Iomláin - Cionta in Aghaidh Maoin	929	960	14	18	34	595	663	735	4	11	10	14	19	15	270
Bugaireacht	11	5	0	1	0	3	2	3	0	0	1	0	0	0	8
Pornagrafaíocht Leanaí	8	31	0	0	1	4	23	11	0	0	0	1	0	4	7
Ionsaí Gnéis	70	87	3	5	5	29	42	39	3	10	7	1	2	2	34
Gnéas le Cailín Mionaoise	16	19	0	0	1	6	12	11	0	0	1	0	0	1	10
Cionta Gnéis Eile	21	23	0	0	1	8	10	14	0	1	2	0	0	1	13
Iomláin - Cionta Gnéis	126	165	3	6	8	50	89	78	3	11	11	1	3	4	69
Cionta Drugaí	397	453	10	13	16	262	319	324	1	3	2	3	6	4	108
Cionta Arm Tine agus Pléascán	123	145	6	4	9	65	93	59	4	2	2	2	3	0	41
Cionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine	694	703	18	31	57	345	374	406	35	44	35	28	21	22	241
Cionta Oird Phoiblí	105	88	0	3	1	49	34	17	0	6	2	0	1	0	50
Cionta Ioncaim	14	13	0	0	2	3	4	6	1	0	0	1	0	0	9
Cionta Eile	214	216	5	5	8	137	132	105	0	3	5	1	3	3	70
MÓR-IOMLÁN	2,672	2,799	59	87	143	1,537	1,737	1,777	50	83	70	51	58	52	891
															738
															568
															84
															96
															79

Cairt 8a BRISEADH SÍOS MAR 'DÍUSCAIRT AR SHLÍ EILE' Ó CHAIRT 8

	2004		2003		2002	
An Cúisi Basaithe	1		3		4	
Nolle Prosequi Iontrailte	77		78		68	
Caithe Amach	6		15		7	
IOMLÁN	84		96		79	

Cairt 8b CION DE CHIONTUITHE & ÉIGIONTUITHE DO NA CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE

	Iomlán			Chiontú			Éigiontú		
	2004	2003	2002	2004	2003	2002	2004	2003	2002
Timpistí Marfacha ag an Obair	3	7	5	100%	100%	100%	0%	0%	0%
Timpistí Marfacha Tráchtá Bóthair	32	30	44	91%	83%	86%	9%	17%	14%
Dúnorgain	2	3	13	100%	100%	92%	0%	0%	8%
Cionta Marfacha Eile	0	1	0	N/A	100%	N/A	N/A	0%	N/A
Iomláin - Cionta Marfacha	37	41	62	92%	88%	89%	8%	12%	11%
Buirgléireacht	169	207	206	96%	95%	99%	4%	5%	1%
Calaois	41	36	17	93%	92%	100%	7%	8%	0%
Robáil	286	315	364	98%	98%	98%	2%	2%	2%
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	131	153	207	97%	92%	93%	3%	8%	7%
Iomláin - Cionta in Aghaidh Maoin	627	711	794	97%	96%	97%	3%	4%	3%
Bugaireacht	3	3	4	100%	100%	75%	0%	0%	25%
Pomagrafáilocht Leanai	4	24	12	100%	96%	100%	0%	4%	0%
Ionsai Gnéis	36	59	53	89%	80%	83%	11%	20%	17%
Gnéas le Cailín Mionaoise	6	12	14	100%	100%	86%	0%	0%	14%
Cionta Gnéis Eile	8	11	18	100%	91%	83%	0%	9%	17%
Iomláin - Cionta Gnéis	57	109	101	93%	87%	85%	7%	13%	15%
Cionta Drugai	276	341	346	99%	97%	98%	1%	3%	2%
Cionta Arm Tine agus Pléascán	77	102	70	92%	95%	97%	8%	5%	3%
Cionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine	426	470	520	85%	86%	89%	15%	14%	11%
Cionta Oird Phoiblí	49	44	20	100%	84%	90%	0%	16%	10%
Cionta Ioncaim	5	4	8	60%	100%	100%	40%	0%	0%
Cionta Eile	143	143	121	99%	96%	93%	1%	4%	7%
MÓR-IOMLÁN	1697	1965	2042	94%	93%	94%	6%	7%	6%

Legann an chairt thíos amach torthaí cásanna a treoraíodh i gcomhair ionchúisimh sa Chúirt Choiriúil Speisialta. Iabhair ar aird le do thoil nach bhfuil breith trialach faighte fós go dtí seo, ar na cásanna i ndáil le comhaid a fuarthas i 2003.

Cairt 9 TORTHÁÍ CÁSANNA: IONCHÚISIMH AR DÍOTÚIL SA CHÚIRT CHOIRIÚIL SPESIALTA

	Iomlán		Ciontú ag Breithiúna		Ciontú ag Phléadáil		Conviction on lesser charge		Éigiontú ag Breithiúna		Le hÉisteacht			
	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003		
Cionta Arm Tíne & Pléascán	0	11	2	0	0	2	0	4	0	0	0	0	7	0
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	9	24	14	0	6	2	0	1	7	0	12	0	1	0
IOMLÁN	9	35	16	0	6	4	0	5	7	0	12	0	1	0

Cairt 9a BRISEACH SÍOS MAR 'CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ'

	Iomlán		Ciontú ag Breithiúna		Ciontú ag Phléadáil	
	2004	2003	2004	2003	2004	2003
Cionta Arm Tíne & Pléascán	0	12	0	0	0	0
IOMLÁN	0	12	0	0	0	0

Cairt 9b CION DE CHIONTUITHE & ÉIGIONTUITHE DO NA CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE (LENA N-ÁIRIÉAR CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ)

	Iomlán		Ciontú		Éigiontú	
	2004	2003	2004	2003	2004	2003
Cionta Arm Tíne & Pléascán	0	4	2	N/A	100%	100%
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	0	20	9	N/A	95%	100%
IOMLÁN	0	24	11	N/A	0%	0%

Tugann Cairt 10 imlíne ar thoradh na gcásanna a treoraíodh lena n-ionchúiseamh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus briseadh síos ar na cásanna go léir tríd de réir an chúisimh ba thromhchúisí in aghaidh an chosantóra. Déanann na cairteanna forlíontacha briseadh síos ar thorthaí 'ciontuíthe ar chúiseamh níos lú' agus 'diúscairt ar shlí eile'.

Cairt 10 TORADH NA gCÁSANNA A IONCHÚISÍODH AR DÍOTÚIL SA PHRÍOMH-CHÚIRT CHOIRIÚIL

An Cion is Tromhchúisí Lenar Cúisíodh	Iomlán		Contú le Giúiré		Contú le Phléadáil		Contú ar Chúiseamh Níos Lú		Éigiontú le Giúiré		Éigiontú le Treoir ón mBreitheamh		Diúscairt ar Shlí Eile		Le hÉisteacht									
	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003	2004	2003								
Dúnmharú	32	43	12	15	16	4	4	10	5	11	18	0	1	1	1	0	8	7	7					
Éigniú	54	46	5	5	6	16	9	23	2	3	6	2	9	6	5	0	1	2	4	3	22	16	19	
Iarracht Dúnmharaithe	0	1	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Iarracht Éignithe	1	1	0	0	0	1	0	1	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Tromionsaí Gnéis	2	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
IOMLÁN NA gCÁSANNA	89	91	17	20	22	22	13	34	7	16	24	2	10	7	7	4	2	3	5	3	31	23	26	

Cairt 10a BRISEADH SÍOS MAR 'CIONTUÍTHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ' DO CHASANNA RANGAITHE MAR DHÚNMHARÚ NÓ IARRAUGHT AR DHÚNMHARÚ

	Iomlán		Ciontú le Giúiré		Ciontú le Phléadáil	
	2004	2003	2004	2003	2004	2003
Dúnorgain	4	10	17	3	6	11
Buirgléireacht	0	0	1	0	0	1
Faisnéis a choinneáil siar	1	0	0	0	0	0
Bac a chur ar Gharda	0	1	0	0	0	0
Ionsaí is Cúis Díobhála	0	1	0	0	0	0
IOMLÁN	5	12	18	3	6	12
				2	6	6

Cairt 10b **BRISEADH SÍOS MAR 'CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ' DO CHÁSANNA RANGAITHE MAR ÉIGNIÚ NÓ IARRACHT AR ÉIGNIÚ**

	Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú le Phléadáil		
	2004	2003	2002	2004	2003	2002	2004	2003	2002
Tromionsaí Gnéis	1	1	1	0	0	0	1	1	1
Ionsaí Gnéis	1	1	2	0	0	0	1	1	2
Gnéis le Cailín Mionaoise	0	1	2	0	0	0	0	1	2
Seilbh ar Arim Thine agus é Beartaithe Saol a chur i gContúirt	0	0	1	0	0	0	0	0	1
Beartú Saol a chur i gContúirt	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Iarracht Éignithe	0	1	0	0	1	0	0	0	0
IOMLÁN	2	4	6	0	1	0	2	3	6

Cairt 10c **BRISEADH SÍOS MAR 'DIÚSCAIRT AR SHLÍ EILE'**

	2004	2003	2002
Nolle Prosequi Iontrailte	3	4	2
An Cuisi Basaithe	0	0	1
Caite Amach	0	1	0
IOMLÁN	3	5	3

Cairt 10d **CION NA gCIONTUITHE & NA nÉIGIONTUITHE DO CHÁSANNA ATÁ TUGTHA CHUN CRÍCHE (LENA n-ÁIRIAR CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ)**

	Iomlán			Ciontú			Éigiontú		
	2004	2003	2002	2004	2003	2002	2004	2003	2002
Dúnmharú	23	35	46	91%	86%	96%	9%	14%	4%
Éigniú	30	26	42	77%	65%	83%	23%	35%	17%
Iarracht Dúnmharaithe	0	1	0	N/A	100%	N/A	N/A	0%	N/A
Iarracht Éignithe	1	1	1	100%	100%	100%	0%	0%	0%
Tromionsaí Gnéis	1	0	0	100%	N/A	N/A	0%	N/A	N/A
IOMLÁN	55	63	89	84%	78%	90%	16%	22%	10%

Tugann Cairt 11 briseadh síos ar fhíoraisc na gcás do gach cúirt choiriúil chuarda. Murab amhlaidh le Cairt 8, ní áirítear inti cásanna áta le hÉisteacht' nó cásanna a raibh aon toradh eile orthu seachas ciontú nó éigíontú. Tabhair ar aird i roinnt cásanna, go bhféadfadh triail a bheith i gcúirt chuarda nach i an cúirt chuarda í don chontae ina ndearnadh an cion.

Cairt 11 TORTHAÍ NA GCÁSANNA A IONCHÚISÍODH AR DÍOTÁIL SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA DE RÉIR CONTAE

	Iomlán		Ciontú le Gíúiré			Ciontú ar Phléadáil			Éigíontú le Gíúiré			Éigíontú ar Threoir ón mBreitheamh		
	2004	2003	2004	2003	2002	2004	2003	2002	2004	2003	2002	2004	2003	2002
Ceatharlach	3	14	0	2	8	3	10	7	0	2	1	0	0	0
An Cabhán	19	20	0	0	0	18	18	37	1	2	0	0	0	1
An Clár	35	42	0	3	8	30	31	30	1	7	2	4	1	2
Corcaigh	159	210	10	10	14	134	182	190	0	8	3	15	10	12
Dún na nGall	23	44	1	3	1	22	39	25	0	2	1	0	0	0
Baile Átha Cliath	992	1075	25	31	59	929	995	1030	19	25	28	19	24	15
Gaillimh	50	30	3	0	2	46	26	27	1	3	2	0	1	1
Ciarráil	28	46	0	1	2	25	38	28	3	4	7	0	3	2
Cill Dara	53	46	9	4	2	37	38	47	6	4	5	1	0	0
Cill Chainnigh	19	11	0	1	0	18	9	12	1	1	3	0	0	2
Laois	11	9	0	2	7	11	7	18	0	0	0	0	0	0
Liatroim	3	14	0	1	1	3	13	2	0	0	0	0	0	0
Luimneach	38	42	0	2	2	33	35	46	5	3	1	0	2	3
An Longford	6	5	0	1	0	6	4	16	0	0	0	0	0	0
Lú	41	44	2	8	3	35	32	46	2	4	8	2	0	1
Maigh Eo	33	23	4	1	0	23	19	14	5	1	0	1	2	2
An Mhí	29	40	0	0	9	28	38	28	1	1	2	0	1	2
Muineachán	8	21	0	1	2	8	19	20	0	1	1	0	0	1
Uíbh Fhailí	8	20	0	5	1	6	14	7	1	0	0	1	1	1
Ros Comáin	15	17	0	0	0	15	17	6	0	0	0	0	0	0
Sligeach	29	37	2	3	2	22	32	7	1	0	0	4	2	0
Tiobraid Árann	14	28	0	2	6	14	21	33	0	1	0	0	4	0
Port Láirge	29	58	1	4	3	27	42	32	0	7	2	1	5	5
An Iarmhí	10	24	0	1	1	8	20	19	0	3	0	2	0	0
Loch Garman	22	22	2	1	5	18	19	21	2	2	1	0	0	1
Cill Mhantáin	20	23	0	0	5	18	19	29	1	2	3	1	2	1
IOMLÁN	1697	1965	59	87	143	1537	1737	1777	50	83	70	51	58	52

Cairt 11a CION NA gCIONTUITHE & NA nÉIGIONTUITHE DO CHÁSANNA ATÁ TUGTHA CHUN CRÍCHE

	Iomlán			Ciontú			Éigiontú		
	2004	2003	2002	2004	2003	2002	2004	2003	2002
Ceatharlach	3	14	16	100%	86%	94%	0%	14%	6%
An Cabhán	19	20	38	95%	90%	97%	5%	10%	3%
An Clár	35	42	42	86%	81%	90%	14%	19%	10%
Corcaigh	159	210	219	91%	91%	93%	9%	9%	7%
Dún na nGall	23	44	27	100%	95%	96%	0%	5%	4%
Baile Átha Cliath	992	1,075	1,132	96%	95%	96%	4%	5%	4%
Gaillimh	50	30	32	98%	87%	91%	2%	13%	9%
Ciarráí	28	46	39	89%	85%	77%	11%	15%	23%
Cill Dara	53	46	54	87%	91%	91%	13%	9%	9%
Cill Chainnigh	19	11	17	95%	91%	71%	5%	9%	29%
Laois	11	9	25	100%	100%	100%	0%	0%	0%
Liatroim	3	14	3	100%	100%	100%	0%	0%	0%
Luimneach	38	42	52	87%	88%	92%	13%	12%	8%
An Longford	6	5	16	100%	100%	100%	0%	0%	0%
Lú	41	44	58	90%	91%	84%	10%	9%	16%
Maigh Eo	33	23	16	82%	87%	88%	18%	13%	13%
An Mhí	29	40	41	97%	95%	90%	3%	5%	10%
Muineachán	8	21	24	100%	95%	92%	0%	5%	8%
Uíbh Fhailí	8	20	9	75%	95%	89%	25%	5%	11%
Ros Comáin	15	17	6	100%	100%	100%	0%	0%	0%
Sligeach	29	37	9	83%	95%	100%	17%	5%	0%
Tiobraid Árann	14	28	39	100%	82%	100%	0%	18%	0%
Port Láirge	29	58	42	97%	79%	83%	3%	21%	17%
An Iarmhí	10	24	20	80%	88%	100%	20%	13%	0%
Loch Garman	22	22	28	91%	91%	93%	9%	9%	7%
Cill Mhantáin	20	23	38	90%	83%	89%	10%	17%	11%
IOMLÁN	1,697	1,965	2,042	94%	93%	94%	6%	7%	6%

Tá cur síos i gCairt 12 ar chaiteachas na hoifige i 2005, 2004 & 2003.

Tuarastail & Pá: Léiríonn sé seo tuarastail na foirne atá ar fostú san Oifig. 170.75 an líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2005.


Caiteachais Oifige: Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin na hoifige e.g. trealamh oifige a cheannach agus a chothabháil, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, áitreabh oifige a chothabháil, taisteal agus caiteachais teagmhasacha eile.

Táillí Abhcóide: Táillí iad seo a íoctar le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla. Leagtar amach na táillí laistigh de pharaméadair a shocraíonn an tAire Airgeadais.

Caiteachais Ghinearálta Dlí: Baineann siad seo le costais dlíthiúla a ndéanann na cúirteanna iad a dhámhachtain i ndáil le nithe a bhaineann le hathbheithniú breithiúnach agus iarratais eile i dtaca le himeachtaí dlíthiúla i gcoinne an Stiúrthóra.

Cairt 12 CAITEACHAS NA HOIFIGE

	2005	%	2004	%	2003	%
	€		€		€	
Tuarastail Pá & Liúntais	9,527,979	32%	8,458,701	30%	7,651,069	29%
Caiteachais Oifige	3,011,535	10%	2,926,165	10%	2,435,150	9%
Táillí Abhcóide	13,004,323	43%	12,374,056	43%	12,997,392	50%
Caiteachais Ginearálta Dlí	4,615,021	15%	4,902,298	17%	3,121,648	12%
IOMLÁN	30,158,858	100%	28,661,220	100%	26,205,259	100%




Léiríonn Cairteanna 13 & 14 an caiteachas ar tháillí abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus de réir réigiúin i leith na Cuirte Cuarda Coiriúla.

I measc na dtáillí a íocadh le habhcóidí sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, i gCúirteanna Speisialta Coiriúla agus sa Chúirt Chuardal, bhí táillí a bhain le comhairle maidir le cruthúnas, dréachtú, comhairleoireacht, díotchúiseacht, cásanna a chur i láthair agus láithriú i gcásanna eile ina raibh gá déanamh amhlaidh, mar shampla, pianbheitheanna.

Is de bharr iarratais ar bhannaí agus obair ullmhúcháin a bhain le hathbheithnithe bhreithiúnacha formhór na dtáillí san Ard-Chúirt.


Cairt 13 TÁILLÍ ÍOCHA AG AN gCÚIRT LE HABHCÓIDÍ

	2005	%	2004	%	2003	%
	€		€		€	
An Chúirt Chuarda	6,136,922	48%	5,659,687	46%	5,086,664	39%
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	4,052,328	31%	3,961,620	32%	4,753,747	37%
An Ard-Chúirt	1,446,021	11%	1,496,433	12%	1,479,486	11%
An Chúirt Uachtarach	158,891	1%	217,260	2%	178,963	1%
An Chúirt Achomhairc Choiriúil	763,712	6%	710,182	6%	834,134	6%
Cúirt Choiriúil Speisialta	415,263	3%	267,303	2%	596,072	5%
An Chúirt Dúiche	31,188	0%	61,571	0%	68,326	1%
IOMLÁN	13,004,325	100%	12,374,056	100%	12,997,392	100%



Cairt 14 TÁILLÍ ÍOCHA AG AN GCÚIRT LE CUARDA

	2005	%	2004	%	2003	%
	€		€		€	
Baile Átha Cliath	3,510,505	57%	3,688,480	64%	3,188,025	62%
Corcaigh	572,634	9%	226,288	4%	548,147	11%
An tOirthear	435,435	7%	384,148	7%	389,966	8%
Lártíre	350,921	6%	337,059	6%	184,909	4%
Oirdheisceart	555,370	9%	548,822	10%	420,950	8%
Iardheisceart	221,661	4%	147,058	3%	138,093	3%
An tIarlthar	237,047	4%	169,800	3%	115,019	2%
An Tuaisceart	253,349	4%	158,032	3%	101,555	2%
IOMLÁN	6,136,922	100%	5,659,687	100%	5,086,664	100%



8 SLIOCHT AS CUNTAS LEITHREASA 2004

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004, arna chur i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus ar an tsuim a fhéadfar a chur i bhfeidhm mar leithreasaí-i-gcabhair ina theannta sin, do thuarastail agus caiteachais Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Seirbhís	Soláthar Meastaithe €'000	Aschur €'000	Méideanna Faibhrithe €'000
RIARADH			
A.1. Tuarastal, Pá agus Liúntais	9,634	8,459	-
A.2. Taisteal agus Cothabháil	204	148	9
A.3. Caiteachais Theagmhasacha	1,154	1,196	(22)
A.4. Seirbhísí Poist agus Telechumarsáide	297	241	12
A.5. Trealamh Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile	1,061	760	(45)
A.6. Caiteachais a Bhaineann le hÁitreabh Oifige	701	717	(339)
SEIRBHÍSÍ EILE			
B. Táillí Abhcóidí	16,086	12,374	2,216
C. Caiteachais Ghinearálta Dlí	3,000	4,902	2,437
Comhiomlán	32,137	28,797	4,268
Bain as -			
D. Leithreasaithe-i-gCabhair	15	136	-
GLANIOMLÁN	32,122	28,661	4,268

AN BARRACHAS ATÁ LE GÉILLEADH €3,460,779

9 AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2002

Feidhmiú an Achta sa Tréimhse ó 1 Eanáir 2005 go dtí 31 Nollaig 2005

- 9.1** Íocann Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí soláthróirí tar éis a chruthaítear go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist sásúil agus laistigh de 30 lá ón lá a fhaightear sonrasc ón soláthróir. I gcás taillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, is é cleachtas na hOifige iad a íoc laistigh de 45 lá tar éis tuarascáil a fháil maidir le gach cás ón atur nae stáit áitiúil.
- 9.2** Sa tréimhse atá i gceist anseo, rinne an Oifig 22 íocaíocht a bhí déanach a chosain os cionn €317.50. €39,333.18 luach iomlán na n-íocaíochtaí sin. €39,578.18 luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha don bhliain as iomlán €3.2 milliún agus gearradh €692.56 úis ar an méid sin.

Ráiteas an Oifigigh Chuntasáochta

- 9.3** Tá Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí a thagann faoi réim an Achta un Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus tá téarmaí an Achta á gcomhlíonadh ag an Oifig ón am sin i leith.
- 9.4** Stampáiltear na sonraisc go léir a fhaightear ó sholáthróirí nuair a fhaightear iad. Ceadáitear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc go tráthúil chun a chinntiú go ndéantar iad a íoc laistigh den tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc cuirtear an dáta a bhfuarthas iad i gcomparáid le dáta na híocaíochta, agus má bhíonn sé thar an teorainn ama iomchuí, cruthaítear íocaíocht úis go huathoibríoch.

I gcásanna ina dteastaíonn íocaíocht úis, cuirtear in iúl é don bhainistíocht le go bhféadfar cibé gníomh feabhais is gá a ghlacadh.

- 9.5** Cuireann na nósanna imeachta atá leagtha amach cosaint réasúnach ar fáil ach ní chuireann siad cosaint iomlán ar fáil maidir le neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.

Barry Donoghue
Oifigeach Cuntasáochta
Aibreán 2006

10 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMH CHOIRIÚIL

AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó ionchúiseamh achoimre a sheoladh sa Chúirt Dúiche i leith **mionchionta**
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta **tromaí**

RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN
STIÚIRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ
(Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL
(Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile
Átha Cliath)

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreacha d'Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

RANNÁN NA dTREORACHA OIFIG AN STIÚIRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
 - Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Garda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN
STIÚIRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ
(Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL
(Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de
Bhaile Átha Cliath)

- Treoracha ó Rannán na dTreacha a chur chun feidhme
 - Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
 - Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
 - Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreacha
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil


ABHCÓIDE IONCHÚISIMH

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí

NA CÚIRTEANNA

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbheith a ghearradh

11 STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN



OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ
14 - 16 Sráid Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: + 353 1 678 9222
Faics: + 353 1 661 0915
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

An Rannán Aturnaetha,
Teach Caibidle,
26 - 30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.

Teil: +353 1 858 8500
Fax: +353 1 858 8555
LáithreánGréasáin: www.dppireland.ie